

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE

**Arna hUllmhú don Roinn Gnóthaí Pobail,
Tuaithe agus Gaeltachta**

FIONTAR, OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Feabhra 2009



Clár an Ábhair

1. Brollach	3	
2. Réamhrá	5	
2.i Athbhreithniú ar Athneartú Teanga	5	
2.ii Athbhreithniú ar an nGaeilge de réir Acmhainne, Deiseanna agus Dearcaidh	6	
2.iii Moltaí i leith Athruithe Príomha agus Tánaisteacha	6	
2.iv Moltaí agus Teoiric i dtaca le hAthrú a Imeascadh ina Straitéis Fhadtéarmach	7	
3. Teorainneacha na Straitéise	8	
4. Bonn agus Cuspóir na Straitéise	9	
5. Tosca Ratha agus Forfheidhmiú na Straitéise	12	
6. Na Réimsí agus na Tionscnaimh a Mholtar	17	
6.i Oideachas	17	
6.ii Riarachán, Seirbhísí agus Pobal	25	
6.iii Na Meáin agus an Teicneolaíocht	30	
6.iv Seasamh Oifigiúil	33	
6.v An Saol Eacnamaíoch	34	
7. Tionscnaimh Chrosghearrtha	36	
8. Pleanáil Acmhainní Corpais	38	
9. Conclúid	39	



1. BROLLACH

Ócáid le ceiliúradh is ea fógairt Straitéis 20 Bliain chun tacú leis an nGaeilge. Léiríonn ré agus scóip na Straitéise go bhfuil rún ag Rialtas na hÉireann buanstadas na Gaeilge a dhaingniú mar an comharthóir is doimhne de stair shainiúil agus de chultúr sainiúil mhuintir na hÉireann.

Aois an domhandaithe a thugtar go minic ar na saolta atá anois ann. Leanann sé as an idircheangal idir na daonraí pobail ar fud an domhain go bhfuil idir shochair agus dúshlán romhainn amach de réir mar a bheidh idirghníomhú níos dlúithe ag tarlú idir córais chultúir, idé-eolaíocha agus eacnamaíocha atá éagsúil go mór lena chéile. I measc an iliomad athruithe is léir go bhfuil dúshlán na seanchinnteachtaí amhail cómhuintearas náisiúnta agus sainiúlachtaí áitiúla á thabhairt ag mórghluaiseachtaí daonraí, ag flaithiúnas stát a bheith á laghdú, ag margaí eacnamaíocha atá níos doimhne ina chéile agus ag athruithe teicneolaíochta a sholáthraíonn idircheangail agus ag sreabhadh faisnéise ar an toirt chuig gach uile chearn den domhan.

I gcomhthéacs sin an athraithe, athrú atá doimhin agus athrú atá leanúnach, seasann an Ghaeilge do chobhsaíocht agus do nasc ó thaobh na ndaoine a chónaíonn in Éirinn agus a cuid saoránach, ó thaobh shliocht na n-eisimirceach Éireannach gach áit ar domhan agus don iliomad daoine aonair agus eagraíochtaí ar mór acu agus ar fiú leo cultúr na hÉireann. Tá a háit ag an nGaeilge i stór cumarsáide mhuintir na hÉireann taobh le taobh leis an mBéarla. Is nasc í an Ghaeilge idir lucht a labhartha agus a lucht tacaíochta araon ina gcáil mar náisiún sofaisticiúil ilchultúrtha a bhfuil léargas domhanda aige agus Eoraip a bhfuil idirghníomhú níos dlúithe á chruthú aici. Is de bharr na Gaeilge atá Éire uathúil agus an-spéisiúil. Soláthraíonn sí nasc comhtháthaithe agus caipiteal sóisialta atá aitheanta i dtaighde a rinneadh le déanaí mar bhuntáiste an-tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

Gach áit ar domhan téann rannpháirtíocht dhomhanda le léirithuisint ar an tábhacht speisialta a bhaineann le stair shainiúil agus le luachanna sainiúla pobal a choimeád, fréamhaithe san áit logánta agus sa traidisiún agus ag éascú rannpháirtíocht leis an saol is leithne agus leis na deiseanna eacnamaíochta, taistil, oideachais agus sóisialta agus leis na hionchais a chuirtear ar fáil leis an domhandú comhaimseartha seachas díriú ar eisiámh a dhéanamh.

Cé go mba mhór riamh ag Stát na hÉireann an rithábacht a bhí agus atá leis an nGaeilge i leith náisiún na hÉireann, is é atá uathúil faoin Straitéis seo ná go bhfuil bonn láidir taithí, tuisceana agus bonn atá rathúil ar fáil ó na hiarrachtaí fuinniúla athneartaithe teanga atá déanta ag iliomad tír agus réigiún ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain le scór bliain agus tá an bonn sin corpraithe sa Straitéis seo. Molann an Straitéis sraith beart chun fuinneamh a chur le foghlaim agus le húsáid na Gaeilge de thairbhe an eolais atá bainte as taighde agus smaointeoireacht idirnáisiúnta faoi chothú agus faoi athbheochan teanga agus faoi ról agus nádúr an dátheangachais san aois chomhaimseartha.

In 2006, d'eisigh Rialtas na hÉireann *"Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge"*. Aithníodh sa Ráiteas 13 chuspóir an-tábhachtacha i dtaca le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Soiléiríonn an Ráiteas nach caomhnú amháin atá de dhíth ar an nGaeilge ach gur gá thairis sin í a chur chun cinn agus a fhorbairt. D'fhógair an Ráiteas sin go gcreideann an Rialtas fós i dtábhacht na Gaeilge do shaoránaigh agus do chónaitheoirí na hÉireann agus don scaipeadh mór daoine de bhunadh na hÉireann atá in iliomad áiteanna ar fud an domhain freisin.





Na measúnuithe taighde go léir a rinneadh ar dhearcadh mhuintir na hÉireann i leith cúrsaí teanga, léiríonn siad go láidir go bhfuil an-dea-thoil i leith na Gaeilge mar tháscaire seasmhach ar stair agus ar fhéiniúlacht uathúil shainiúil na hÉireann agus a muintire. Ní hionann dea-thoil i leith na Gaeilge agus struchtúir agus próisis eacnamaíochta, oideachais, dlí agus institiúideacha a shuíomh chun é sin a thabhairt i gcrích. Chuige sin, dhearbhaigh an Ráiteas gur cheart plean straitéise 20 bliain don teanga a ullmhú. Fágadh mar chúram ar An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an Straitéis 20 bliain a ullmhú agus chuir an Roinn sin Conradh comhairleachta amach ar tairiscint phoiblí agus bhain foireann idirnáisiúnta arna comheagrú agus arna tionól ag FIONTAR, DCU an Conradh sin. An doiciméad áirithe seo is toradh é ar chomhairliúcháin phoiblí, ar thaighde agus ar bhreithniúcháin Fhoireann FIONTAR, DCU.

Is iad a bhí ar an bhfoireann:

An Dr. Peadar Ó Flatharta (Ceannaire na Foirne), FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath;

An Dr. Caoilfhionn Ní Pháidín, FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath;

An tOllamh Colin Williams, Ollscoil Cardiff/Prifysgol Caerdydd;

An tOllamh Francois Grin, Ollscoil na Ginéive; agus

An tOllamh Joseph Lo Bianco, Ollscoil Melbourne.

Adelaide Ní Chárthaigh, Bainisteoir Tionscadail/Taighdeoir.





2. RÉAMHRÁ

Léirítear i staid na Gaeilge éabhlóidí ar mhórsála atá nasctha le próisis an domhandaithe.

Is iad na dálaí a mbíonn tionchar acu ar tharchur na Gaeilge ó ghlúin go glúin, na deiseanna a bhíonn ann leis an nGaeilge a labhairt, a chloisteáil, a léamh agus a scríobh, agus dearcadh daoine i gcoitinne i leith na Gaeilge – cibé iad líofa sa Ghaeilge nó gan ach breaceolas acu uirthi – a chinneann a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge go hiarbhir. Bíonn tionchar ar na tosca sin, faoi seach, ag na fórsaí céanna a mhúnlaíonn an comhthéacs is leithne.

Ciallaíonn sé sin gur tasc é polasaí teanga atá ag éirí níos casta i gcónaí. B'fhéidir nach leor bearta éagsúla polasaí a ghlacadh, fiú má bhíonn gach aon cheann acu sách réasúnta ann féin, chun an teanga a chosaint agus a chur chun cinn mura ndéanfar an comhthéacs is leithne a chur i gcuntas i gceart. Dá thoradh sin glacadh cur chuige sistéamach, agus corpraítear na gaolmhaireachtaí idir próisis teanga agus a dtimpeallacht pholaitiúil, eacnamaíochta, shóisialta agus oideachais, chomh maith leis na naisc idir gnéithe éagsúla de chosaint teanga agus de chur chun cinn teanga.

Tá sé intuigthe go ngabhann fíis leathan le plan cuimsitheach fadtéarma, a tharraingíonn ar ndóigh as roinnt de chastachtaí na bpróiseas teanga a bhaineann do dhaoine i gcásanna áirithe, agus a dhéanann mórfhórsaí a chur san áireamh, chomh maith leis an dóigh le tionchar a imirt ar na fórsaí sin trí pholasaí.

Lenár gcuid oibre a threorú, tá cur chuige glactha ar láimh againn mar sin ina leagtar béim ar idirghaol idir bearta polasaí agus ar an dóigh a suitear iad i gcomhthéacsanna níos leithne. Roghnaíomar breithniú a dhéanamh ar na dúshláin do chur chun cinn agus do chaomhnú na Gaeilge ina hiomláine agus úsáid á baint as creat leathan anailíse seachas tosú amach ó chásanna ar leith, (e.g. pobal áirithe ar leith, eagraíocht áirithe ar leith). Cinntítear leis sin nach dtachfar ár ndearadh polasaí in eangach shíoraí de chastachtaí is saintréith do phatrúin úsáide teanga.

Chuamar ar aghaidh de réir na gceithre chéim seo a leanas:

2.i Athbhreithniú ar Athneartú Teanga

D'fhorbraíomar an bonn atá faoin Straitéis agus faoi mholtaí na Straitéise agus léargas sistéamach ar theoiric agus ar chleachtas athneartaithe agus úsáide teanga mar threoir againn. Agus tátail á mbaint as corpas mór fianaise, d'aontaíomar gur treise a bhíonn cothú na teanga nuair a bhíonn trí phróiseas ag teacht le chéile agus ag obair i gcomhar le chéile: *cumas* (nó acmhainn) an teanga a úsáid; *deiseanna* lena húsáid agus *dearcadh* daoine i leith a húsáide. Maidir le cumas cothaítear go neamhfhoirmiúil é sa bhaile agus i dteaghlaigh agus sa dlúthchaidreamh i measc daoine i sochaí na hÉireann, agus go foirmiúil sa chóras oideachais. Tagann deiseanna chun cinn i socruithe sóisialta, institiúideacha agus eacnamaíocha a chothaíonn agus a spreagann an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha. Is é dearcadh daoine a chinneann an ndéantar na cumais a chruthaítear, go neamhfhoirmiúil nó go foirmiúil, agus na deiseanna a sholáthraítear i dtimpeallachtaí sóisialta, institiúideacha agus eacnamaíocha, a thiontú go hiarbhir go húsáid phraiticiúil na Gaeilge.





Tá an Straitéis eagraithe thart ar acmhainn na gcumas teangeolaíoch a mhéadú (Capacity) (C), deiseanna le haghaidh úsáid na Gaeilge a chruthú agus a chúiteamh (Opportunities) (O), agus dearcadh dearfa i measc daoine a chothú i leith a húsáide (Attitudes) (A). Tá bearta éagsúla dírithe go príomha ar cheann amháin nó ar cheann eile de na diminsin sin, agus is nithe iad a chinntíonn, ach iad a ghlacadh le chéile, go bhféadfaidh an Straitéis a spriocanna uailmhianacha a bhaint amach; san am céanna, cuireann gach aon bheart tacaíocht ar fáil don dá dhiminsin eile chomh maith leis an bpríomhfhócas atá aige féin. An teanga a úsáid go hiarbhair, leanann sé sin as acmhainn, deis agus dearcadh dearfa in éineacht. Chuireamar an cur chuige sistéamach sin chun feidhme mar chreat anailíse agus molaimid go láidir go nglacadh gníomhaireachtaí eile agus pearsanra eile leis ionas go mbeidh lánéifeacht ag pleanáil teanga amach anseo ó thaobh na Gaeilge. Dá réir sin, níorbh í an phríomhfheidhm a bhí leis an gcreat anailíse sin cuntas sochtheangeolaíoch ar úsáid teanga in Éirinn sa lá inniu a chruthú, ach uirlis eagrúcháin ghinearálta a chur ar fáil dúinn lenar féidir staidéar a dhéanamh ar dhálaí éagsúla na bpróiseas teanga mar atá siad agus lenar féidir feabhsuithe a mholadh.

2.ii Athbhreithniú ar an nGaeilge de réir Acmhainne, Deiseanna agus Dearcaidh

Rinneamar athbhreithniú ar na dálaí faoina ndéantar an Ghaeilge a mhúineadh, a fhoghlaim, a úsáid, a chur ar fáil agus a spreagadh agus faoina dtugtar tacaíocht di i láthair na huaire i réimsí éagsúla an tsaoil laethúil in Éirinn. Ba é a bhí mar aidhm leis an bpróiseas athbhreithnithe sin easnaimh nó laigí a shainaithint in “C”, “O” nó “A”, i.e. san acmhainn theangeolaíoch atá ar fáil sna réimsí sin, sna deiseanna eacnamaíocha nó sóisialta atá ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge agus sa ghnáthdhearcadh i measc dhaonra na hÉireann i leith cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Níorbh é an rún a bhí againn anailís dhomhain a dhéanamh ar staid oideachasúil, dhlíthiúil, dhéimeagrafach nó shochtheangeolaíoch na Gaeilge: tá fáil le gairid ar fhoinse shuibhir iontaofa sonraí ar gach aon ghné acu sin den Ghaeilge, ar sonraí iad ar baineadh leas astu i bpróiseas an athbhreithnithe agus in ullmhú na Straitéise seo.



Ina theannta sin, reáchtáladh comhchomhairliúcháin phoiblí le geallsealbhóirí éagsúla, leis an rialtas agus le hoifigigh phoiblí agus dhlíthiúla eile, le taighdeoirí agus le hiliomad daoine eile agus teaglaimíodh iad sin le tuairimí gairmiúla agus le breithiúnas fhoireann FIONTAR, DCU. Táimid buíoch díobh siúd ar fad a chaith go fial linn ó thaobh a gcuid ama agus a gcuid smaointe chun tacú leis an athbhreithniú. Le linn dúinn na bearta is ábhar do chorp na Straitéise seo a chur chun cinn thugamar aird go cuí ar thuairimí agus ar mholtaí na ndaoine éagsúla a bhí páirteach.

2.iii Moltaí i leith Athruithe Príomha agus Tánaisteacha

Ar bhonn na staidé teoriciúla atá leagtha amach thuas, agus phróiseas an athbhreithnithe a tuairiscíodh freisin thuas, scrúdaíomar fis agus cuspóirí “*Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*” agus mholamar bearta de réir déphrionsabail. Maidir le moltaí príomha is moltaí iad lena dtugtar isteach socruithe bunriachtanacha nó socruithe atá athraithe ó bhonn chun móreasnaimh a cheartú sa tacaíocht atá ann cheana féin don Ghaeilge agus atá ríthábhachtach ó thaobh chuspóirí *Ráiteas 2006* a bhaint amach. Maidir leis na Moltaí Tánaisteacha díorthaítear iad ón gcéad chineál agus bíonn siad riachtanach go loighciúil chun na moltaí príomha sin a fhorfheidhmiú.



Cibé acu an bhfuil gá le moladh Príomha nó moladh Tánaisteach chun easnamh nó laige áirithe a cheartú, bhí tionchar an-mhór ina leith sin ag na tuairimí a chuir geallsealbhóirí ar aghaidh agus ag an mbunachar saibhir sonraí taighde atá déanta le gairid agus ag breithiúnas gairmiúil na foirne.

2.iv Moltaí agus Teoiric i dtaca le hAthrú a imeascadh ina Straitéis Fhadtéarmach

Eagraíodh na bearta éagsúla ina mbraislí agus dearadh iad le hidircheangailteacht an phlean polasaí fhoriomláin a athneartú agus é mar aidhm Straitéis fhadtéarmach chomhleanúnach a thabhairt i gcrích ar straitéis í a bheadh féinchothaitheach i bhfad na haimsire. Tá gach aon bheart, agus an Straitéis fhoriomlán, dírithe ar fheabhsuithe substaintiúla a bhaint amach maidir le hacmhainn, deiseanna agus dearcadh. Tá na struchtúir dhlíthiúla agus eagrúcháin is gá chun iad a sheachadadh ceaptha a bheith comhthreiseach. Tá dóchas go ndéanfaidh na bearta sin úsáid na Gaeilge a normalú fiú i níos mó réimsí de ghníomhaíochtaí laethúla agus de ghnáthaimh in Éirinn.

Ba é an príomhábhar cúraim a threoraigh an tionscadal iomlán ná straitéis fhadtéarmach a thairiscint don Rialtas ar straitéis í a bheadh bunaithe go maith ó thaobh teoirice de, comhleanúnach ó thaobh eagrúcháin de agus inchreidte ag an bpobal. Ba ghá ó am go ham, dá bharr sin, moltaí a dhéanamh i dtaca le hathrú Príomha a éilíonn domhainathruithe ar chleachtais sheanbhunaithe.

Tugadh cuireadh do shaineolaithe idirnáisiúnta bheith rannpháirteach i bhFoireann FIONTAR DCU a d'ullmhaigh an Straitéis seo, ní hamháin chun samplaí den chleachtas is fearr as an taithí idirnáisiúnta a lua, ach chun cuidiú freisin lena chinntiú nár ghá go mbeadh a bhfuil le moladh faoi cheangal ag socruithe agus ag tuiscintí atá ann cheana féin, más gá athrú a dhéanamh ar na socruithe sin. Chinn an tAire, ag leanúint as *"Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006"*, próiseas pleanála teanga a thionscnamh chun líon lucht úsáide na Gaeilge go gníomhach nó ar bhonn laethúil a ardú ón leibhéal atá ann faoi láthair – thart ar 72,000 go dtí 250,000 in imeacht 20 bliain. An sprioc bheacht uailmhianach sin a bhaint amach, b'ín é an chloch ba mhó ar an bpaidrín ó thaobh na bpléití ar fad.





3. TEORAINNEACHA NA STRAITÉISE

Ní dhéanann an Straitéis seo sonraí reatha a atáirgeadh ná ní dhéanann sí tuiscint ar staid reatha na Gaeilge a chur i láthair ach oiread, á chur san áireamh gur gineadh an fhaisnéis sin i staidéir thaighde iontaofa shuaithinseacha le roinnt blianta anuas. Ina ionad sin, díreann sa Straitéis seo ar mholtaí is gá a cheapadh chun gníomh a chur i gcrích in imeacht 20 bliain, agus an loighic a aithníodh i bpointí (i-iv) sa chaibidil roimhe seo á cur i bhfeidhm.

Eagraítear na moltaí faoi na réimsí caighdeánacha d'úsáid teanga mar a chuirtear i láthair iad sa litríocht shainiúil ar phleanáil teanga, agus faoi thionchar na *Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh*. Tá baint acu le chéile agus tá siad grúpáilte i ndáil leis na trí chuspóir déag atá leagtha amach i *"Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006"*. Fágann sin gur doiciméad é atá gearr gonta d'aon turas. Rinneadh na bearta a mholtar a chur faoi réir an phróisis a thuairiscítear sa chaibidil roimhe seo, áfach, agus déantar iad a mhíniú agus a phlé níos mine sa *Tuarascáil Mhínitheach* atá ag gabháil leis seo.

Cé gur cuspóir tábhachtach fiúntach é acmhainn a thógáil chun líon 250,000 úsáideoir laethúla Gaeilge a bhaint amach faoi 2028, níl fáil i láthair na huaire ar bhunlíne taighde de shonraí sochtheangeolaíochta chun tacú leis an réamh-mheastachán sin. Is gá tosaíocht a thabhairt do shuirbhéanna mionsonraithe rialta ar chleachtas teanga agus ar dhearcadh i leith teanga chun go ndéanfaí pleanáil teanga a bheadh eolasach go maith. Ba léir nárbh fhéidir sonraí den chineál sin a thiomsú faoi réim scóip an chleachtaidh straitéisigh seo, ach ba chóir tosaíocht a thabhairt dó le haghaidh *Céim Phleanála Oibríochta: Bliain 1* den Straitéis.

Chomh maith leis sin, tuigimid go maith an rithábacht a ghabhann leis an nGaeltacht ó thaobh thodhchaí bheogacht na Gaeilge agus tuigimid go háirithe an breithniú atá an Rialtas a dhéanamh ar an *"Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht"*.¹ Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí an doiciméad tábhachtach sin agus aon phróiseas leantach a bheidh dírithe ar pholasaí uileghabhálach Gaeltachta a ailíniú go dlúth lena bhfuil á mholadh anseo mar an Straitéis 20 bliain a mbaineann a sainchúram le stát na hÉireann ina iomláine. Níor shíl an fhoireann mar sin go mbeadh sé oiriúnach go ndíreofaí go heisiach ar cheisteanna a bhaineann leis an nGaeltacht ach gur aithin siad go bhféadfaí agus gur chóir iliomad tionscnamh a mholtar anseo a chur chun feidhme i réigiúin Ghaeltachta.



¹ <http://www.pobail.ie/en/AnGhaeltacht/LinguisticStudyoftheGaeltacht/>



4. BONN AGUS CUSPÓIR NA STRAITÉISE

Stát dátheangach is ea Éire ó thaobh an bhunreacht de, agus tugtar stádas don Ghaeilge, ós í an teanga náisiúnta í, mar an chéad teanga oifigiúil in Airteagal 8 den Bhunreacht.

Ó bunaíodh Stát na hÉireann tá tacaíocht tugtha ag rialtais, gach ceann acu i ndiaidh a chéile, don Ghaeilge agus dá phobail éagsúla úsáideoirí.

An tiomantas polasaí sin, is é a spreag é léirfheasacht ar ról sainsiúil na Gaeilge mar mharcóir ar an bpobal náisiúnta, mar ní atá uathúil ó thaobh na tíre agus go bhfuil an teanga ar cheann de na teangacha scríofa is sine san Eoraip atá fós ar marthain mar bheotheanga dhúchais. Sa cháil sin fónann an Ghaeilge do riachtanais féiniúlachta mhuintir na hÉireann, cuma a labhraíonn nó nach labhraíonn siad an teanga. Tá ról domhanda aici freisin, ról atá suntasach dá diaspóra ollmhór, do lucht foghlama agus úsáide na Gaeilge atá scaipthe ar fud iliomad páirteanna den domhan, do scoláirí agus do thaighdeoirí a dhéanann staidéar ar an teanga agus a léann téacsanna Gaeilge in iliomad institiúidí, agus don uile dhuine ós rud é go gcuireann teangacha uile an duine le hoidhreacht ilghnéitheacht teangeolaíochta agus chultúrtha an domhain. Baineann níos mó le teangacha ná a bheith ina n-uirlisí cumarsáide agus sin amháin. Déanann siad códú chomh maith ar thaithí uathúil tiomsaitheachtaí daoine. I bhfad na haimsire, ag teacht as an bhfeidhm doiciméadachta cultúrtha sin, tosaíonn teangacha ag fónamh mar thaiscí taithí, léiriúcháin, comheagna agus cultúir. Ar an dóigh sin is ionann an Ghaeilge agus stór ina bhfuil taithí na hÉireann den am atá thart do dhaoine ar fud an domhain, stór nach bhfuil a leithéid eile ann.

Agus rialtais i ndiaidh a chéile feasach ar ról suaitheantasach na teanga rinneadar a dtacaíocht do bheogacht na Gaeilge a athdhearbhú. Is iomaí ní maith atá tagtha as an tiomantas fadseasmhach sin don Ghaeilge, nithe a bhféadfaidh an stát agus a phobal a bheith mórtasach astu. Áirítear ar an méid atá bainte amach:

- Gur éirigh le hiliomad daltaí i scoileanna trí mheán an Bhéarla an Ghaeilge a fhoghlaim agus ardchaighdeán an oideachais Lán-Ghaeilge sna Gaelscoileanna;
- Cláir Ghaeilge ar RTÉ, seirbhísí tiomnaithe Raidió na Gaeltachta agus TG4;
- An corpas litríochta nach beag atá scríofa sa Ghaeilge;
- Corprú na Gaeilge ar ardáin nua-aimseartha faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide;
- An líon mór gníomhaireachtaí agus institiúidí gairmiúla stáit agus saorálacha atá dírithe ar an teanga a chothú agus a chur chun cinn;
- Glacadh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003;
- An Ghaeilge a bheith aitheanta mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ó Eanáir 2007; agus
- Múineadh na Gaeilge labhartha agus litríocht na Gaeilge i gcláir acadúla i mbreis agus 50 ollscoil ar fud an domhain.





Na tionscnaimh sin atá bunaithe go maith níor cheart talamh slán a dhéanamh díobh ná glacadh leis go bhfuil siad féinchothaitheach. Is gá iad ar fad a chothú agus tacú leo. Sa Straitéis seo áfach, dírtear ar bhearta nua breise ag glacadh leis go leanfar leis na tionscnaimh rathúla thuasluaite.

Tá an t-ádh ar Éirinn go bhfuil an Béarla, ceann de na foirmeacha cumarsáide is forleithne ar domhan, mar an teanga oifigiúil eile aici. Is polasaí dátheangachais atá i gceist ó thaobh neartú na Gaeilge a spreagadh i bhfianaise an ról baile atá bunaithe ag an mBéarla ós rud é go bhfreastalaítear ar riachtanais chumarsáide fhormhór mhuintir na hÉireann leis an mBéarla. Tá deis d'inniúlacht dátheangach ar fud an daonra ach eolas níos leithne ar an nGaeilge agus a húsáid ar bhonn níos leithne a spreagadh. Is ionchas tábhachtach é sin a thacódh leis na leasanna is leithne ó thaobh na hÉireann, idir leasanna sóisialta, oideachasúla, teicneolaíochta agus leasanna eacnamaíocha. Níl tacaíocht fhorasach de dhíth ar an mBéarla agus bhí neart fianaise riamh ann ar ardéirim an Éireannaigh ó thaobh úsáid na teanga sin. Tá tuairisc fhorleathan ar fáil faoi oilteacht in dhá theanga, go háirithe sa dátheangachas ardoilte a fhorbraítear go luath sa saol, gurb iomaí tairbhe a thagann aisti don leanbh, idir thairbhe chognaíoch agus tairbhe ó thaobh dearcadh de. Is é atá i gceist, dá réir sin, le hardleibhéil d'eolas gníomhach ar an nGaeilge a chur leis an mBéarla ná plean don dátheangachas ar fud dhaonra na hÉireann agus acmhainní agus tairbhí intleachtúla, socheacnamaíocha agus cultúrtha don duine aonair agus ar deireadh thiar don tsochaí ar fad.

Is mó tuiscint ag saoránaigh na hÉireann le tamall de bhlianta anuas ar luach teangacha eile amhail teangacha an Aontais Eorpaigh agus níos mó agus níos mó de theangacha na n-inimirceach. Maidir le tacaíocht don Ghaeilge, éilíonn sí cuspóir níos leithne de chuid na hÉireann i leith chaidrimh sheachtracha idirnáisiúnta na hÉireann agus ní a cuid gnóthaí inmheánacha agus baile amháin.

Ainneoin gur ar an nGaeilge a dhírítear an Straitéis áirithe seo agus an polasaí foriomlán ar comhpháirt de í, de bharr ról uathúil na Gaeilge agus an ghátair ina bhfuil sí, ba chóir breathnú ar an Straitéis mar ní atá comhlántach i leith pleanála teanga níos leithne chun acmhainní cumarsáide mhuintir na hÉireann a fhorbairt i saol ilteangach domhanda. D'fhéadfadh an dátheangachas Gaeilge-Béarla a bheith ina ardán táirgiúil ó thaobh teangacha breise a shealbhu, a bheith ina infheistíocht i gcaipiteal daonna a chuid saoránach, d'fhéadfadh sé tacú le comhtháthú sóisialta agus le dlúthpháirtíocht i measc na muintire agus dálaí a chur ar fáil do shochaí atá saibhir ó thaobh cultúir de agus sochaí a tharraingíonn níos fearr le chéile.

Tá staid na Gaeilge an-aimhrialta; is mó i bhfad an líon daoine a bhfuil eolas acu uirthi ná an líon daoine a labhraíonn í. Líon na ndaoine a mhaíonn go bhfuil cumas Gaeilge acu shroich sé buaicphointe sna glúnta deireanacha seo i ndaonáireamh 2006:

Bliain	1996	2002	2006
Cumas Gaeilge a Labhairt	1.43m	1.57m	1.66m

Chomh maith leis sin, tá 75,125 cainteoir Gaeilge i dTuaisceart Éireann (Daonáireamh 2001). Thairis sin, tá 25,000 (go garbh) cainteoir Gaeilge ina gcónaí i SAM agus líon nach beag sa RA.

D'fhéadfaí réamh-mheastachán a dhéanamh ó bhonnlíne 72,148 cainteoir laethúil chun meastachán a dhéanamh ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge as seo go ceann 20 bliain, má leanann na treochtaí reatha ar aghaidh gan aon chur isteach orthu.

Bliain	2006	2010	2016	2022	2028
Cainteoirí Laethúla	72,148	74,978	80,014	84,428	87,279

(Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2008)

Léiríonn an réamh-mheastachán seo easnamh i leith sprioc de 250,000 cainteoir gníomhach laethúla a bhaint amach faoi 2028 agus is ar an mbonn sin a mheastar gur moltaí atá riachtanach amach is amach na moltaí atá sa Straitéis seo. Tá an polasaí atá ann faoi láthair dírithe ar líon na ndaoine ar teanga phobail acu í an Ghaeilge a ardú agus ar leathnú a dhéanamh ar na comhthéacsanna agus na cuspóirí ina n-úsáidtear an Ghaeilge faoina gcoinne. Is é an cuspóir soiléir a bhí leis an bpolasaí oideachais le fada ná a chinntiú go n-éireodh leis an oiread saoránach agus ab fhéidir acmhainn dátheangach a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ach níor slánaíodh an polasaí sin go huathoibríoch go dtí úsáid na Gaeilge go hiarbhair ar bhonn laethúil. An bhearna shuntasach idir na daoine sin a mhaíonn go bhfuil siad in ann an Ghaeilge a labhairt agus a léamh agus na daoine a bhaineann úsáid aisti go hiarbhair, sin é an dúshlán aonair is mó agus an deis is mó do phleanáil teanga an náisiúin.

Is mian leis an Rialtas freisin an Ghaeltacht a neartú mar phobal labhartha Gaeilge agus cur le líon na dteaghlach a chónaíonn laistigh den Stát agus a úsáideann an Ghaeilge chun freastal ar a gcuid riachtanas laethúil cumarsáide. Tá na spriocanna sin ar fad comhghaolmhar le chéile agus freagraíonn siad don chreat acmhainní, deiseanna agus dearcaidh is bonn don Straitéis seo.

Is é atá i gceist leis na sainchuspóirí atá leagtha amach i *"Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006"* agus leis an sainchúram i leith polasaí atá tugtha d'fhoireann FIONTAR, DCU Straitéis 20 bliain a ullmhú a bheidh dírithe go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- líon na gcainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 72,000 go 250,000;
- líon na gcainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil sa Ghaeltacht a ardú toisc go mbeidh beochan na Gaeltachta rithábhachtach i dtaca leis an Straitéis fhoriomlán; agus
- líon na ndaoine a ardú a dtig leo úsáid a bhaint as seirbhísí stáit trí Ghaeilge agus a fhéadann teacht ar mheáin teilifíse, raidió agus chló trí mheán na teanga.



5. TOSCA RATHA AGUS FORFHEIDHMIÚ NA STRAITÉISE

Cad a theastaíonn chun a chinntiú go mbainfidh an Straitéis a cuid spriocanna amach? Is é a bheidh sa Straitéis 20-bliain Plean Rialtais comhaontaithe agus imeasfar é fud fad ghnáthoibríochtaí ghníomhaireachtaí an Stáit. Beidh ról ag gach aon earnáil den riarachán sibhialta agus poiblí agus ag geallsealbhóirí ríthábhachtacha náisiúnta agus áitiúla i dtaca lena forfheidhmiú. Chun go n-úsáidfear an Ghaeilge ar bhonn níos leithne, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha, beidh gá le **‘normalizació’**².

Trí úsáid a bhaint as an téarma sin, táimid ag tarraingt ar thaithí teangacha eile a ndearnadh díspeagadh ar a ról de dheasca imthosca na staire. Ní éireoidh leis an nGaeilge stádas sóisialta níos daingne a bhaint amach ach amháin trí fheasacht ghníomhach, trí dhearcadh dearfa, a bheidh dírithe ar chur in aghaidh imeallú na Gaeilge agus trí úsáid a bhaint as an teanga le haghaidh príomhchuspóirí agus gnáthchuspóirí cumarsáide d’uireasa a bheith comhfhiúrach faoin úsáid sin. Is é a theastaíonn don tasc sin go gcomhoibreodh na gníomhaireachtaí ábhartha uile le chéile agus dlisteanacht agus tús áite suntasach a thabhairt do spriocanna agus do chlár na Straitéise.

Tá an Straitéis roinnte againn ina céimeanna imeasctha, agus céim phleanála oibríochta 12-mhí a thiocfadh roimpi agus molaimid i leith na céime sin go gcuirfeadh an Rialtas go leataobh í tar éis dó glacadh leis an Straitéis. Molaimid é sin d’fhonn a chinntiú go mbeidh na heilimintí uile le forfheidhmiú, athbhreithniú, luacháil agus monatóireacht ar bhealach a n-éireoidh leo socraithe sula dtosófar go hiomlán ar an Straitéis.

Céim Phleanála Oibríochta: Bliain 1

Maidir leis an mbliain réamh-fhorfheidhmiúcháin, caithfear í ag cur spriocanna agus ábhar na Straitéise in iúl agus ag bunú na struchtúr eagrúcháin agus oibríochta is gá chuici. Thairis sin beidh na hacmhainní foriomlána a mbeidh gá leo le leithdháileadh agus beidh na nósanna imeachta monatóireachta, luachála agus modhnúcháin le comhaontú agus le bunú. Beidh bearta príomha le leagan síos chomh maith le sraith amlínte a chuideoidh leis na bearta Tánaisteacha comhréireacha a aithint.

Ba chóir na bearta uile a léiriú ar dhóigh atá cosúil leis sin a léiríodh sa sampla léiriúcháin i ndáil le (a) Riarachán, Seirbhísí agus Pobal agus (b) Gaeilge i nGnó agus i dTráchtáil sa Tuarascáil Mhínitheach.

Chomh maith le sonraí daonáirimh a úsáid, beidh mionsuirbhéanna rialta le déanamh ar chleachtadh teanga agus ar dhearcadh i leith teanga chun bonnlíne a sholáthar i leith úsáide rialta teanga.

² Normalizació: D’fhéadfai é a aistriú go Gaeilge mar ‘normalú’, ach miníú cuí air a thabhairt air [...]. ciallaíonn sé [...] úsáid teanga áirithe a dhéanamh ‘normálta’. I gcás na Catalóinise, léiríodh é sin mar ní lenar gá (i) an bonn déimeatheangeolaíoch a leathnú; (ii) comhthéacs cearta agus saoirsí teanga a bhunú maidir leis na féidearthachtaí chun úsáid a bhaint as an teanga; agus (iii) feacht mhéadaithe sa daonra (idir mhóramh agus mhionlach) ar ábharacht shóisialta na teanga a chosaint agus a chur chun cinn. Na trí chuspóir sin is suaithinseach mar atá siad comhchosúil leis na trí choinníoll atá againn le haghaidh beogachta teanga san fhadtéarma, eadhon, acmhainn, deis agus mian. Féadtar úsáid a bhaint as coincheap an normalizació chun iad a chuimsiú agus béim á leagan san am céanna ar dhlísteacht pholaitiúil agus ar ábharacht shóisialta an fhiontair.”

Foinse: Grin, François, (2003): *Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. (lgh. 202-203) Londain: Palgrave Macmillan.



Tá an fheidhm luachála ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an bPlean Straitéiseach d'fhonn a chinntiú go mbeidh lúb aiseolais ann don phróiseas pleanála agus chun faisnéis a sholáthar don pholasáí cistiúcháin. Áirítear ar na critéir is tábhachtaí don luacháil rathúil (i) na luachálaithe a bheith inniúil ar an réimse áirithe atá i gceist a athbhreithniú; (ii) próisis luachála a bheith uileghabhálach, a bheith neamhspleách agus é a bheith soiléir go bhfuil siad neamhspleách; (iii) cumasc sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a ghiniúint agus (iv) comhdhálacha breithniúcháin a bheith ann chun sonraí a úsáid ó luachálacha i gcleachtaí machnamhacha ionas go mbeidh státseirbhísigh agus lucht pearsanra tábhachtach eile gafa le haidhmeanna foriomlána na Straitéise.

Ba chóir critéir luachála trédhearcacha agus próisis luachála agus tuairisce a shuíomh ag tús an phróisis straitéise agus beidh sonraí cainníochtúla ar fáil le tacú leo ina dhiaidh sin ón daonáireamh náisiúnta arna gcur ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ó shuirbhéanna tréimhsiúla. D'fhéadfaí an fheidhm luachála a shannadh chuig *Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla*, ach go dtabharfaí geallúintí nach mbainfeadh sé sin de neamhspleáchas na hoifige sin. Ar an láimh eile, d'fhéadfaí an fheidhm luachála a shannadh d'oifig a bhunófaí san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta nó in institiúid taighde eile.

Tá sé tábhachtach go mbeadh prionsabail atá dírithe ar chur le hacmhainn teangeolaíochta sa Ghaeilge mar bhonn leis na pleananna oibríochta ag gach aon leibhéal de chuid gníomhaireachtaí earnála poiblí agus neamhphoiblí, ar prionsabail iad a chuireann deiseanna ar fáil ina n-úsáidtear an teanga go nádúrtha i bhfoirm labhartha agus i bhfoirm scríofa araon, agus go gcothóidís dearcadh dearfa i leith na Gaeilge scríofa agus na Gaeilge labhartha. Tá dualgas ar na gníomhaireachtaí atá molta sa Straitéis comhairle agus oiliúint a bheidh dírithe go sonrach ar an ngníomhaireacht a scaipeadh agus prionsabail iontaofa athneartaithe teanga a bheith mar bhonn leis sin.

Ós Straitéis Rialtais Náisiúnta a bheidh ann go ceann fiche bliain, ba chóir go mbeadh buanchoiste comh-aireachta ina bhun agus á chur cun cinn.

Ba chóir an ról pleanála straitéisí agus monatóireachta a fhágáil faoi **Oifig Chláir** i Roinn an Taoisigh. Beidh an oifig sin freagrach as na nithe seo a leanas: maoirseacht ar an bpróiseas pleanála straitéisí; maoirseacht ar fhorbairt acmhainní; a chinntiú go ndéanfar na tionscnaimh a fhorfheidhmiú ar leibhéal trasrannach; sainchomhairle a chur ar fáil; pleananna oibríochta a chomhaontú arna bhforbairt ag na comhlachtaí forfheidhmithe; agus tuairiscí a bheidh cothrom le dáta agus doiciméid ábhartha a fhoilsiú lena gcur ar fáil don phobal.

Ba chóir freagracht a shannadh laistigh de Roinn an Taoisigh do leibhéal bainistíochta sinsearach a thuairiscíonn chuig an Rialtas. Ba chóir go mbeadh Rúnaí Cúnta i Roinn an Taoisigh i gceannas ar an Oifig Chláir, ar duine é nó í a mbeadh sé mar chúram air nó uirthi an Straitéis ina hiomláine a fhorfheidhmiú. Ba chóir go n-áireofaí san Oifig Chláir croi-fhoireann ar iasacht a mbeidh saineolas acu i gceann de na hábhair seo a leanas: riarachán poiblí; bainistíocht; pleanáil teanga agus réimse an oideachais agus ba chóir go mbeadh coiste d'oifigigh ardleibhéil ag tacú leo. Ba chóir don Oifig Chláir Coiste Comhairleach Gaeilge a chruthú ar a n-áireofaí comhaltaí den fhoireann; státseirbhísigh shinsearach; saineolaithe pleanála teanga a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu; geallsealbhóirí agus speisialtóirí eile. Ba chóir don ghrúpa sin teacht le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus cúram orthu saintreoir pleanála teanga a chur ar fáil don phróiseas iomlán.



Ba chóir Roinn na Gaeltachta a athchruthú mar an Roinn Gnóthaí Gaeltachta agus Gaeilge.

Ba chóir gurb é an struchtúr stáit thar aon dream eile a dhéanfaidh an Straitéis a sheachadadh, lena n-áirítear na ranna rialtais agus na comhpháirtithe sóisialta. Maidir leis na hinniúlachtaí a bheidh ag teastáil, is iad na ranna agus na comhlachtaí ina bhfuil na hinniúlachtaí sin suite a dhéanfaidh iad a sheachadadh. D'fhéadfadh go mbeidh gá ó am go ham le meithleacha oibre breise *ad hoc* chun (i) pleananna oibriúcháin a dhréachtú agus a mholadh don Oifig Chláir agus (ii) Pleananna Oibríochta atá faoi réim na Gaeilge agus na Gaeltachta a chur chun feidhme.

Beidh gá le hathruithe eagrúcháin fadtéarmacha chun an Straitéis a fhorfheidhmiú go hiomlán agus, dá réir sin, ba chóir don Rialtas a chinneadh cé acu ceann de na féidearthachtaí seo a leanas atá ag teastáil chun an Straitéis a thabhairt i gcrích.

Féidearthacht 1

Struchtúr úrnua neamhspleách a bhunú dar teideal Údarás na Gaeilge agus freagracht air an Straitéis a fhorfheidhmiú.

Féidearthacht 2

Oifig nua a bhunú laistigh den Roinn Gnóthaí Gaeltachta agus Gaeilge, ar roinn í a bheidh athchruthaithe agus athstruchtúraithe, agus sainfhoireann aici chun an Straitéis a fhorfheidhmiú.

Féidearthacht 3

Cúraimí sonracha a shannadh d'Fhoras na Gaeilge agus cistí ar leith a thabhairt dó chun an Straitéis a fhorfheidhmiú.

Féidearthacht 4

Cúraimí sonracha a shannadh d'Údarás na Gaeltachta ach é a bheith athchumraithe agus cistí ar leith a thabhairt dó agus inniúlachtaí de bhreis ar an nGaeltacht a bheith air chun an Straitéis a fhorfheidhmiú.





Is iad seo a leanas na céimeanna forfheidhmiúcháin:

Céim Fhorfheidhmiúcháin I: Na Bunsraitheanna a Leagan Síos, Blianta 2 agus 3

Le linn an chéad dá bhliain den Straitéis beidh na bearta oiliúna fadtéarmacha le suíomh ionas go mbeidh an soláthar múinteoirí cáilithe, Tathantóirí Teanga (féach thíos), pleanálaithe agus speisialtóirí eile ar fáil, sin nó go mbeidh na córais chun iad a ullmhú socraithe go luath sa Straitéis. Thairis sin tá oiread áirithe suntasach de bhearta le forfheidhmiú go hiomlán le linn na céime sin. Bearta tánaisteacha atá ceaptha a bheith iontu den chuid is mó a mbeidh sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil na bearta Príomha indéanta. Ba chóir, tar éis sonraí daonáirimh nua a fhoilsiú agus tar éis eolas breise a bheith faighte ó shuirbhéanna tréimhsiúla, an Straitéis a athbhreithniú chun a cuid tionscnamh a ailíniú leis na sonraí nua a bheidh ag teacht chun cinn ar phatrúin chumais agus úsáide teanga agus modhnú a dhéanamh dá réir.

Ba chóir, le linn na céad tréimhse den chéim sin, taighde a choimisiúnú ar dhearcadh an phobail agus ba chóir cur leis an méid sin le seimineáir bhreithniúcháin laistigh de ranna agus de ghníomhaireachtaí stáit lena mbeadh baint ag na daoine is tábhachtaí i measc lucht leagan amach polasaí san earnáil phoiblí. Ba chóir tarraingt dó sin as taighde ar pholasaí teanga mar chineál polasaí phoiblí agus, mar shampla, as taighde mhodheolaíocht Q³ ar dhearcadh an phobail. Ba chóir torthaí na ngníomhaíochtaí beaga breithniúcháin a úsáid i gcomhdháil bhreithniúcháin trasrialtais ar an nGaeilge agus ar an ról atá aici sa saol poiblí mar dhearcadh criticiúil, lena ndaingneofaí gníomhaíocht chun bonn a chur faoi fhorfheidhmiú na Straitéise. Ba chóir go ndéanfadh gach aon roinn agus gach aon ghníomhaireacht a bhfuil cúram orthu na bearta polasaí atá molta a fhorfheidhmiú gníomhaíocht bhreithniúcháin a shocrú chun stocaireacht a dhéanamh ar dhearcadh daoine agus tiomantas comhaontaithe a chruthú ó thaobh spriocanna na Straitéise.



Céim Fhorfheidhmiúcháin II: Leathnú agus Doimhniú, Bliain 4 go Bliain 15

Is é atá i gceist leis an gcéim seo: forfheidhmiú iomlán na mbeart go léir atá pléite go mion thíos; tabhairt faoi luachálacha rollacha agus feachtais a sheoladh ar mhaithe le stocaireacht agus le dearcadh a chruthú. Maidir leis na luachálacha agus leis an monatóireacht leanúnach cruthóidh siad modhnuithe ar ghnéithe den Straitéis de réir mar a fhorbraíonn sí. Beidh na chéad chéimithe ó na cláir d'ullmhú múinteoirí nua ar fáil do na scoileanna agus do na forais oideachais eile.

Déanfaidh Éire, le linn na céime sin, cothrom 100 bliain Éirí Amach na Cásca a cheiliúradh agus ba chóir an ócáid sin a nascadh leis an Straitéis, agus poiblíocht á tabhairt don mhéid a bheidh curtha i gcrích, agus tabhairt faoi mhór-athbhreithniú ar thorthaí, agus gníomhaíocht pobail a ghiniúint thart ar spriocanna, ar spiorad agus ar idéil na Straitéise.

Níos déanaí sa chéim seo beidh Éire freisin ag ceiliúradh 100 bliain den fhéinrialtas agus ba chóir leas a bhaint as an ócáid chun borradh a chur faoin tiomantas don Straitéis.

³ Is éard is Modheolaíocht Q modh taighde a úsáidtear chun staidéar a dhéanamh ar 'suibíachtúlacht' daoine – is é sin, an dearcadh atá acu i leith nithe. William Stephenson (1902-1989) a d'fhorbair é den chéad uair. Úsáideadh é i suimh chliniciúla chun othair a mheas agus i suimh thaighde freisin chun scrúdú a dhéanamh ar cad a cheapann daoine faoi cheist áirithe. Foinse: <http://www.qmethod.org/about.php>




Céim Fhorfheidhmiúcháin III: Comhdhlúthú, Bliain 16 go Bliain 20

Agus obair ar bun ar mhaithe le cumais bhreise teanga sa Ghaeilge, chomh maith le deiseanna leathnaithe normalaithe lena húsáid agus spreagadh gníomhach i leith dearcaidh níos fearr ba chóir an chéim chomhdhlúthúcháin a dhíriú i dtreo phríomhshruthú na mbeart go léir. Is é a chinneadh é sin, áfach, ná na luachálacha a sheolfar agus na torthaí astu a úsáidtear chun a fháil amach an fiú tréimhse bhreise a chaitheamh le promóisean speisialaithe.

Braithfidh éifeachtacht na mbeart Príomha agus na mbeart Tánaisteach freisin ar an bpobal a bheith gafa leo ar bhonn forleathan. Gach aon chomhlacht poiblí agus gach aon eagraíocht phoiblí a fhaigheann cistiú poiblí ba chóir tabhairt orthu cur le mionsaothrú, forfheidhmiú agus mínchoigeartú na Straitéise agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt dá cuid comhchlár agus dá cuid comhphleananna. Eagraíochtaí eile a fhaigheann ceadúnais phoiblí chun oibriú ba chóir iad a mhisiú agus a spreagadh lena gcion a dhéanamh don Straitéis.

Tá achoimre ar ár gcuid moltaí léirithe i bhfigiúr 1.

FIGIÚR 1: An Creat Pleanála, Luachála agus Forfheidhmiúcháin atáthar a Mholadh





6. NA RÉIMSI AGUS NA TIONSCNAIMH A MHOLTAR

6.i Oideachas

Tá na bearta atá á moladh faoi réimse an oideachais leagtha amach chun bonnphrionsabail na Straitéise a bhaint amach: (i) cumas sa Ghaeilge a fheabhsú agus a leathnú níos doimhne agus i measc níos mó daoine; (ii) dearcadh diúltach i leith na Gaeilge a athrú ar ais agus dearcadh dearfach a chur ina ionad; (iii) na deiseanna atá ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid laistigh den chóras oideachais a leathnú trí úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc a leathnú, chomh maith lena bheith ina hábhar scoile, agus trí fhoghlaim na teanga ar scoil a nascadh le húsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge i ngníomhaíochtaí caithimh aimsire agus cultúir agus i ngníomhaíochtaí eile lasmuigh den scoil.

Tá trí chuspóir oideachais i *“Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006”*:

Cuspóir 5

Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí maraon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

Cuspóir 6

Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltai scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

Cuspóir 7

Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais trí leibhéal trí mheán na Gaeilge.

Baineann na cuspóirí sin le timthriall iomlán an oideachais, ón leibhéal réamhscoile go dtí an tríú leibhéal, agus féachann siad le foghlaim agus múineadh na Gaeilge a shuíomh i seicheamh iomlán na ngníomhaíochtaí oideachais. Déantar na trí phrionsabal a bhaineann le hacmhainn, deiseanna agus dearcadh a chur chun feidhme thíos i leith bearta Príomha (leanúint den luath-thumoideachas i scoileanna trí mheán na Gaeilge, agus an páirt-tumoideachas agus an tumoideachas déanach agus speisialtóireachtaí teanga a thabhairt isteach i scoileanna trí mheán an Bhéarla) agus i leith bearta Tánaisteacha (ról speisialta na scoileanna trí mheán na Gaeilge a leathnú agus a neartú i dtaca le cumas sa Ghaeilge a ghiniúint) agus trí thabhairt faoi thionscnaimh chun go mbeidh an t-oideachas trí mheán na Gaeilge níos éifeachtaí.



Is é an córas oideachais an t-inneall criticiúil chun an acmhainn theangeolaíoch atá mar bhonn leis an Straitéis 20-bliain a ghiniúint. Is é an sprioc lárnach a chaithfidh a bheith ann, mar sin, fócas náisiúnta níos córasaí agus níos déine a bhaint amach ó thaobh an Ghaeilge a mhúineadh agus a fhoghlaim ar dhóigh a n-éireoidh léi.

Is mór an réimse saincheistanna a gcaithfear díriú orthu leis na gnéithe oideachasúla den Straitéis a chur i ngníomh. Sa tábla thíos tá forléargas ar na saincheistanna sin agus ba chóir iad a chur chun feidhme ar na leibhéil seo a leanas: an leibhéal réamhscoile; an leibhéal bunscoile, an leibhéal meánoideachais agus an tríú leibhéal.

TÁBLA 1: Na Gnéithe Oideachais den Straitéis

Leibhéal	Oideachas trí mheán na Gaeilge	Oideachas Dátheangach
CURACLAIM: lena n-áirítear oideolaíocht, dideactaic, cuspóirí, cláir, tairseacha.		
LUACHÁIL agus TÁSTÁIL: conas a eagraítear an tástáil? Cé a dhéanann í? Cén bhaint atá aici le critéir sheachtracha (e.g. comhchreat tagartha na hEorpa)?		
SPREAGTHAÍ: Cad a bhaineann foghlaimoirí amach i dtéarmaí an dul chun cinn a dhéanann siad san oideachas? Cad a bhaineann siad amach i dtéarmaí a n-ionchas gairme?		
OILIÚINT MÚINTEOIRÍ: móide oiliúint oideolaíoch do mhúinteoirí meánoideachais (lena n-áirítear gairm-mhúinteoirí).		
ÁBHAIR OIDEACHAIS: (téacsleabhair, ábhair theagaisc TFC-bhunaithe).		

Léirítear sna paragraif seo a leanas cuid mhaith de na saincheistanna tábhachtacha atá i gceist san iarracht seo.

Oideachas Múinteoirí

Is iad na céimeanna criticiúla i dtaca le fócas náisiúnta níos córasaí agus níos déine a bhaint amach ó thaobh an Ghaeilge a mhúineadh agus a fhoghlaim le go n-éireodh leis laistigh den chóras oideachais ná oideachas réamhsheirbhíse agus inseirbhíse do mhúinteoirí a fhorbairt ag an leibhéal bunoidreachais agus ag an leibhéal iar-bhunoideachais. Ba chóir go gcinnteofaí leis sin go ndéanfaidh múinteoirí an t-ardchaighdeán is gá ó thaobh cumais teanga a bhaint amach agus go mbeadh, dá réir, muinín acu ina gcumas. Chomh maith leis sin gheobhaidís deis chun na modhanna agus na bealaí cuir chuige is éifeachtaí a fhoghlaim chun an Ghaeilge a mhúineadh mar an chéad teanga, mar an dara teanga nó mar theanga bhreise.



Oideachas do Mhúinteoirí Bunscoile

Tá sé riachtanach:

- go mbeadh an Ghaeilge Ghairmiúil ina croí-ábhar sna Coláistí Oideachais ar feadh ré na gcúrsaí staidéir fochéime;
- go múinfi réimse ábhar seachas an Ghaeilge trí mheán na Gaeilge;
- go n-áireofaí eolas ar litríocht agus faisnéis i dtaobh staid shochtheangeolaíoch na Gaeilge ag leibhéil chuí agus go mbeadh mar aidhm leis sin múinteoirí a chumasú le ceannaireacht éifeachtach a thabhairt i dtaca leis an nGaeilge a chothabháil;
- go bhforbrófaí cláir de chineál *Erasmus* chun mic léinn a chumasú le clár acadúil leathnaithe Gaeilge a leanúint i gceantar Gaeltachta;
- go dtabharfaí isteach eilimintí breise trí mheán na Gaeilge;
- go dtabharfaí isteach speisialtóireachtaí sa tumoideachas (luath, déanach agus páirt-tumadh);
- go dtabharfaí isteach speisialtóireacht i dtaca leis an nGaeilge a mhúineadh mar Theanga 1;
- go bhforbrófaí tionscnaimh chun mic léinn a bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu a mhealladh;
- go dtairgfí cláir Bhaitisiléir Oideachais agus iad a bheith á múineadh trí Ghaeilge; agus
- go dtairgfí Cláir do Chéimithe sa bhunoideachas agus iad a bheith á múineadh trí Ghaeilge, go háirithe ina gcás sin a bhfuil bunchéim sa Ghaeilge acu.



Oideachas do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile

Is gá:

- próiseas roghnaithe a shocrú chun a chinntiú go nglacfar leo sin a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu i gCláir Dhioplóma Iarchéime san Oideachas (CDIO) agus leo sin amháin;
- go gcuirfí cláir CDIO a mhúintear trí Ghaeilge ar fáil ina mbeadh na modhanna agus na bealaí cuir chuige is éifeachtaí i dtaca le múineadh na Gaeilge mar an chéad teanga, mar an dara teanga agus mar theanga bhreise;
- go mbeadh cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht mar dhlúthchuid de chláir CDIO; agus
- go n-áireofaí eolas ar litríocht agus faisnéis i dtaobh staid shochtheangeolaíoch na Gaeilge ag leibhéil chuí agus é mar aidhm múinteoirí agus daltaí araon a spreagadh le bheith ina gceannródaithe i leith chothabháil na Gaeilge i gcomhthéacs na hÉireann.



D'fhonn cuidiú tuilleadh le *Cuspóir 5* agus *Cuspóir 6* a bhaint amach, ba chóir **Lárionad Feabhais don Oideachas trí Mheán na Gaeilge** a bhunú. Is é an fheidhm a bheidh ag an lárionad sin cabhrú leis na Coláistí Oideachais agus comhairle a chur orthu i dtaca le múinteoirí a ullmhú do thimthriall uile na scoileanna trí mheán na Gaeilge trí chomhairleacht, oiliúint inseirbhíse, cláir oiliúna chreidiúnaithe bhreise agus forbairt acmhainní. D'oibreodh an Lárionad Náisiúnta i bpáirt leis na Coláistí Oideachais uile atá bunaithe agus ba chóir so-ghluaisteacht na bhfoirne gairmiúla a spreagadh idir na soláthraithe agus na córais oideachais ar fad agus an Lárionad Náisiúnta nua atá beartaithe. Ba chóir na cláir nua – **Baitsiléir Oideachais, Diplóma Céimí san Oideachas (Bunmhúinteoireacht), Diplóma Iarchéime san Oideachas**; agus an **Lárionad Náisiúnta Feabhais don Oideachas trí Mheán na Gaeilge** a chur amach ar thairiscint iomaíoch phoiblí i measc na n-ardinstitiúidí oideachais.

An Luathoidéachas Dátheangach agus Páirt-Tumadh

Is é an t-oidéachas trí mheán na Gaeilge an rud lárnach i dtaca le cothabháil na teanga agus is iomaí ní fiúntach atá bainte amach aige in imeacht na mblianta. Moltar é a leathnú amach tuilleadh ar fud na hÉireann.

Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfí leis an rochtain ar oidéachas trí mheán na Gaeilge i measc sciar níos mó de gach cohórt, ar dhóigh trína bhféadfaí oidéachas dátheangach a thairiscint lena bheith ar fáil ón réamhscoil suas go dtí oidéachas tríú leibhéal.

Tá an pháirt-tumadh ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun oidéachas dátheangach a chur i ngníomh agus ba chóir go mbeadh fáil air chomh forleathan agus is féidir lasmuigh den Ghaeltacht. D'fhéadfadh teagasc chlár ábhar príomhshrutha trí mheán na Gaeilge leas a bhaint as prionsabail na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha (FCAT).

D'fhonn córas oidéachais dátheangach comhleanúnach a chur i ngníomh, is gá curaclam a fhorbairt go mion mar aon le bearta breise i dtaca le hoiliúint múinteoirí agus bunábhair oidéachasúla cuí. Ní mór na tascanna sin a láimhseáil agus aird ar leith ar na saintréithe oideolaíocha agus eagrúcháin a bhaineann leis an oidéachas réamhscoile agus le bunscoileanna ar thaobh amháin de, áit nach bhfuil an mhúinteoireacht eagraithe go foirmiúil ar bhonn ábhar, agus an meánoidéachas (lena n-áirítear an ghairmoiliúint) ar an láimh eile de, mar a bhfuil an mhúinteoireacht eagraithe thart ar ábhair fhoirmiúla. Ní mór cuir chuig ar leith a fhorbairt don oidéachas treasach ar leibhéal na hollscoile.

Cé go bhfuil tábhacht ar leith ag gabháil leis an méid sin roimhe seo chun córas éifeachtach oidéachais dátheangach a bhunú, is gá freisin athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha den oidéachas lánaimeartha trí mheán na Gaeilge, agus aird ar leith ar sciar suntasach páistí ó chúlraí nach labhartar Gaeilge iontu a bheith ar na rollaí cheana féin i scoileanna trí mheán na Gaeilge.

Tá réimse an-mhór saincheisteanna ar gá díriú orthu d'fhonn na gnéithe oidéachasúla den Straitéis a chur i ngníomh. Tá forléargas ar na saincheisteanna sin le fáil sa tábla ag tús na coda seo.





Curaclam Nua mar aon le Tairseacha Gnóthachtála

Ba chóir tabhairt faoi churaclam nua a chruthú do mhúineadh na Gaeilge i gcoitinne, ón mbunscoil go dtí an t-am a chríochnaítear an bhunchéim ar an ollscoil. Ní mór an curaclam sin a bheith sainmhínithe go maith agus torthaí sonracha a shannadh maidir le cumas teanga agus cumarsáide ag gach aon chéim den chlár.

Measúnú ar Chumas

Ba chóir go ndéanfaí measúnú náisiúnta caighdeánaithe ar chlosinniúlacht agus ar inniúlacht cainte ag na leibhéil bhunoideachais agus iar-bhunoideachais (Teastas Sóisearach agus Ardteistiméireacht) i ngach scoil aitheanta. Chun nuálaíochtaí a thabhairt isteach sa churaclam is gá ionstraimí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt chun measúnú dhéanamh ar fhoghlaím na Gaeilge agus ar mháistreacht ar an réimse ábhair. D'fhéadfaí nasc buntáistiúil a dhéanamh le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) chun na caighdeáin teanga agus cumarsáide a bheadh á bhfíorú leis na hionstraimí agus na nósanna imeachta measúnachta a shainmhíniú.

Roghanna Breise

Ag leanúint as croíchuraclam athbhreithnithe ba cheart a bheith á leanúint ag gach aon mhac léinn, ba chóir siollabas níos cuíchóirithe agus níos dúshlánaí fara roghanna breise a fhorbairt chun freastal ar mhic léinn Ghaeltachta agus mic léinn eile ar chumas níos airde ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ba chóir an siollabas roghnach níos airde a bheith dírithe freisin ar mhic léinn a bhfuil sé mar aidhm acu dul ag obair go gairmiúil trí mheán na Gaeilge – múinteoirí Gaeilge, iriseoirí, scríbhneoirí, aistritheoirí, ateangairí, daoine acadúla, etc.

Ba chóir breithniú a dhéanamh, i gcomhairle le geallsealbhóirí (múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn) ar dhá shiollabas a thabhairt isteach don Ghaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta. D'fhéadfaí an dá chlár a mhúineadh agus a scrúdú ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal agus ní bheadh cead ag mic léinn staidéar a dhéanamh ar an dá chlár. Dhíreofaí le rogha amháin ar scileanna teanga ardleibhéil, idir scileanna cainte agus scileanna scríofa, agus ar staidéar ar an litríocht sa Ghaeilge, agus bheifí dírithe ar mhic léinn a bheartaíonn staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal agus/nó a d'fhéadfadh an teanga a úsáid ar mhodh gairmiúil tráth is faide anonn. Bheadh an dara rogha dírithe ar inniúlacht cainte, ar bhunchumarsáid scríofa, ar mhodúil chultúir trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear cineálacha liteartha agus cineálacha na meán, agus bheadh an rogha ag daoine staidéar a dhéanamh ar thraidisiúin amhránaíochta dúchais, ar dhrámaíocht sa Ghaeilge, ar logainmneacha agus ar mhodúil ar staid agus ar fhorbairt teangacha sa saol nua-aimseartha. Bheadh géarghá le hábhair acmhainní a mbeadh dea-thaighde déanta ina leith chun go mbeadh rath ar an dara rogha, ach d'fhéadfadh sé a theacht as sin go mbainfí amach buninniúlachtaí i dtuiscint agus in úsáid na teanga agus go gcothódh sé dearcadh níos dearfa i leith na Gaeilge ná mar atá anois i measc cuid mhór mac léinn. Maidir leis an gcéad rogha bheadh ar mhic léinn Ghaeltachta agus mic léinn ar Gaeilgeoirí iad ardleibhéal inniúlachta a bhaint amach sa teanga scríofa. Tá éirithe go maith le forbairt siollabas i réimsí ábhar amhail Eacnamaíocht Bhaile agus an Laidin/an Léann Clasaiceach, mar a bhfuil na roghanna ar comhluach ach nach ceadmhach staidéar a dhéanamh orthu in éineacht.



Tionscnaimh lasmuigh den Scoil

Tá sé criticiúil go soláthrófaí an fórsa múinteoirí leis na cuspóirí i leith inniúlacht sa Ghaeilge a bhaint amach. Tá na naisc idir na scoileanna agus na lárionaid chaithimh aimsire agus na lárionaid, na clubanna agus na gníomhaíochtaí don óige criticiúil chomh maith. Cuid lárnach de spriocanna foriomlána na Straitéise 20-bliain a bhaint amach go mbeadh gaol níos comhtháite idir na scoileanna agus na lárionaid fhoghlaime Gaeilge agus na réimsí agus na gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear í.

Tá a bhaintear go forleathan as iarrachtaí athneartaithe teanga ar fud an domhain ná go bhfuil géarghábair le beocht a chur sa teanga lasmuigh den seomra ranga don aos óg a dhéanann staidéar ar an teanga sa chóras oideachais foirmiúil. Ó thaobh cultúr agus féiniúlacht óige a chruthú agus ó thaobh na leaganacha cuí Gaeilge de sin a chothú, caithfear deiseanna a sholáthar leis an nGaeilge a úsáid go nádúrtha agus líonraí cainteoirí a chruthú trí mheán na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Tá tacaíocht ón taithí idirnáisiúnta a deir faoi na ceangail idir an fhoghlaime i suímh oideachais fhoirmiúla ar thaobh amháin, **agus úsáid i réimsí caithimh aimsire agus i réimsí atá dírithe ar gníomhaíochtaí** ar an lámh eile de, go gcuidíonn siad ó thaobh daoine óga a spreagadh chun an teanga a ghlacadh chucu féin. Féadann gníomhaíochtaí úsáid foirmeacha den teanga a éascú trínar féidir díriú ar riachtanais fhoghlaime aonair nó réimsí faoi leith ábhair nó foghlama.

Diminsean tábhachtach atá ann cheana féin is ea na Coláistí Samhraidh ó thaobh daoine óga a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaimeann siad ar scoil a úsáid agus a chur chun feidhme. Mar thionscnamh Tánaisteach d'fhéadfaí cur go mór le héifeachtacht na gColáistí Samhraidh ach próiseas deartha curaclaim níos comhleánúnaí agus níos dea-phleanáilte a bheith ann. Ba chóir do na Coláistí Samhraidh béim níos mó a chur ar chleachtaí foghlama teanga sa teaghlach ionas gur féidir líonraí úsáide nádúrtha a chur chun cinn le meicníochtaí a leanfar leo i ndiaidh an Choláiste Samhraidh i dteaghlaigh agus i measc grúpaí cairdis.



Oideachas Tríú Leibhéal, Oideachas ar feadh an tSaoil agus Oideachas Leanúnach

Ní mór leanúint de thacaíocht a thabhairt do chlár Ghaeilge d'aoisigh ar leibhéal ollscoile agus neamhollscoile agus iad a fhorbairt agus speisialtóireachtaí gairmiúla a chur ar fáil. Ba chóir fiosrú i dtaobh clár amháin an clár foghlama Gaeilge sa bhabhtáil Fulbright leis na Stáit Aontaithe agus tionscnaimh eile atá á gcur ar aghaidh ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a úsáid mar fheithiclí chun múineadh agus foghlaim na Gaeilge in ollscoileanna lasmuigh d'Éirinn a fhorbairt.

Caithfidh oideachas treasach trí mheán na Gaeilge a bheith ar ardchaighdeán agus é bheith á sheachadadh ar mhodh straitéiseach comheagraithe chun a chinntiú:

- (i) go mbeidh éagsúlú sa réimse disciplíní a bheidh á thairiscint;
- (ii) go mbeidh aschur iarrthóirí a bheidh ardcháilithe ag baint leis agus scileanna sonracha acu chun fónamh do stádas náisiúnta agus AE na Gaeilge;
- (iii) go bhforbrófar speisialtacht ar leith i ngach coláiste agus go mbeidh srian ar dhúbailt soláthair thar ionad amháin nó dhó; agus
- (iv) go mbeidh luach ar airgead agus dearbhú cáilíochta ann i dtaca le taighde agus teagasc ionas go seachnófar an dúbailt nó an ilroinnt ansin freisin.



Ba chóir gurb é an tÚdarás um Ard-Oideachas a dhéanfadh an earnáil sin a fhorbairt agus a sheachadadh. Ba chóir don Údarás sin clár sonrach a shuíomh chun an earnáil seo a fhorbairt agus clár maoiniúcháin tiomnaithe a bhunú chun na forbairtí sin a chistiú.

Foghlaim na Teanga ag Aosaigh

Ba chóir deiseanna breise a chur ar fáil d'aosaigh ar spéis leo an teanga a fhoghlaim nó cur lena gcumas an Ghaeilge a labhairt. Ba chóir clár foghlama Gaeilge creidiúnaithe a dhéanfadh freastal ar gach aon leibhéal a aithint mar an clár comhaontaithe náisiúnta foghlama Gaeilge.

Cláir Thacaíochta do Thuismitheoirí

Is gnéithe tábhachtacha d'athneartú na Gaeilge iad an fhoghlaim réamhscoile agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil. Léirítear ón taithí idirnáisiúnta in athbheochan teangacha gur mór an difear is féidir a dhéanamh ó thaobh cumas teanga oideachas réamhscoile mealltach dea-struchtúraithe a bheith ar fáil a thacaíonn le sealbhú teanga agus a chomhcheanglaíonn tionscnaimh agus oiliúint chun go ndéanfaidh tuismitheoirí foghlaim na teanga ag a bpáistí a shealbhú agus a úsáid agus tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim sin. Molaimid dá réir sin go gcuirfí oideachas Gaeilge réamhscoile ar fáil i ngach aon cheantar.

Níor mhór go bhfaigheadh tuismitheoirí atreisiú gníomhach i dtaca lena n-inniúlacht phearsanta sa Ghaeilge le leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim leanúnach na Gaeilge ag a gcuid páistí sna blianta bunscoile. Tá an oiliúint sin tábhachtach do phroifisiúnaigh oideachais agus chúramóra eile agus ba chóir í a leathnú chuig oibrithe cúraim lae, oibrithe creise agus chuig comhaltaí d'eagraíochtaí pobail go háirithe in áiteanna ina bhfuil céatadán ard den daonra ina nGaeilgeoirí.

Ní mór gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna d'aosaigh, ar bhonn leantach agus ar feadh an tsaoil a chuimsiú i ngníomhaíochtaí áitiúla comhtháite le tionscnaimh sa tacaíocht don Ghaeilge a leathnú ó réimsí scoile agus pobail go cláir d'oiliúint ceirdeanna, cláir litearthachta d'aosaigh, agus cláir áineasa nó cláir ullmhaithe gairme.

Teanga a Tharchur

Tá rithábacht le seachadadh teanga sna teaghlaigh sa Ghaeltacht agus i limistéir eile inarb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh. Cuma cén dóigh ina sealbhaítear teanga, fadhb mhór is ea an cumas teanga a athrú go úsáid na teanga go hiarbhír. Le nasc díreach a éascú idir an fhoghlaim agus an úsáid, níor mhór tacaíocht a bheith ag scoileanna agus ag teaghlaigh agus í a bheith i bhfoirm réimse leathan gníomhaíochtaí a bheadh ar siúl trí Ghaeilge lasmuigh den scoil. Chuideodh na gníomhaíochtaí sin leis an nGaeilge a bheith ina gnáthmheán idirghníomhaíochta sóisialta. Is é is aidhm leis sin an Ghaeilge a normalú⁴ agus patrúin úsáide Gaeilge a sholáthar a mbeadh dáimh ag daoine óga leo. Is minic a tharlaíonn iompú teanga go Béarla toisc nach mbíonn an teanga a fhoghlaimítear ar scoil éasca a thabhairt chuig réimsí sóisialta agus caithimh aimsire a fheidhmíonn i réimeanna speisialaithe teanga. Féadfar múinteoirí scoile, oibrithe don aos óg, leabharlannaithe, tathantóirí teanga agus daoine eile a thabhairt le chéile chun dul ag obair i gcomhar le chéile ag an leibhéal áitiúil le deiseanna a sholáthar agus dearcadh dearfa a chothú i leith gníomhaíochtaí Gaeilge lasmuigh den scoil.

4 Sa chiall normalizació; féach nóta 2.



Tionscnaimh Scoile agus Phobail

Ba chóir go mbeadh sé de ról tábhachtach ag an gcomhlacht forfheidhmithe ainmnithe pleananna Gaeilge a chomheagrú ina mbeadh deiseanna foghlama agus úsáide ar fud na scoileanna agus idir scoileanna aonair agus gníomhaíochtaí caithimh aimsire, gnó, leabharlainne agus pobail. Ba chóir go nglacadh na tathantóirí teanga ról gníomhach ó thaobh comhghníomhaíochtaí teanga-lárnaithe Gaeilge a cheapadh lena nascaí foghlaim teanga scoile leis na réimsí gaolmhara gníomhaíochta cultúrtha, caithimh aimsire, ceirde agus fiontraíochta.

Seirbhísí Comhairle agus Tacaíochta

Moltar go ndéanfaí faisnéis a tháirgeadh d'earnálacha éagsúla daoine gairmiúla scoile amhail teiripeoirí urlabhra, treoirchomhairleoirí, comhairleoirí gairme agus daoine eile chun buntáistí an dátheangachais a chur chun cinn, go háirithe an buntáiste a bhaineann le foghlaim na Gaeilge. Ba chóir comhairle shonrach a dhíriú ar na grúpaí seo a leanas:

- i) Páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus/nó páistí atá ag freastal ar scoileanna trí mheán na Gaeilge: tá sé tábhachtach go dtabharfadh an fhoireann ghairmiúil agus an fhoireann phara-ghairmiúil ar fad tacaíocht ar bhonn leanúnach do chothabháil na Gaeilge. Ba chóir na grúpaí gairmiúla sin a chur ar an eolas faoin litríocht ollmhór atá mar bhonn taca faoi na buntáistí intleachtúla, urlabhra agus gairme a bhaineann leis an dátheangachas. Ba chóir comhairle shonrach a thairiscint chun tacú le riachtanais dhátheangacha páistí lena mbaineann riachtanais speisialta.
- ii) Páistí arb é an Béarla a gcéad teanga agus/nó páistí a dhéanann freastal ar scoileanna trí mheán an Bhéarla; ar an dóigh chéanna i gcás na bpáistí sin ba chóir faisnéis a chur ar fáil don fhoireann scoile a mbíonn cúram riachtanas speisialta orthu ag míniú na mbuntáistí intleachtúla, urlabhra agus gairme a bhaineann leis an dátheangachas agus le húsáid na Gaeilge.
- iii) Páistí na n-inimirceach in Éirinn: ba chóir páistí inimirceach atá tar éis a theacht go hÉirinn a áireamh i ngníomhaíochtaí lánGhaeilge agus ba chóir aird ar leith a dhíriú ar a gcuid riachtanas teanga.



6.ii Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

Na gníomhartha atá beartaithe faoin réimse riaracháin agus seirbhísí tá siad sin leagtha amach le tacú le hacmhainn, deiseanna agus dearcaidh a bhaint amach a chuideoidh leis an nGaeilge a leathnú. Tá sé chuspóir a bhaineann le riarachán agus seirbhísí poiblí ar áireamh i *“Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006”*.

Cuspóir 3

Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 4

Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.

Cuspóir 8

Leanfar leis an tacaíocht a thugann an Stát d’Fhoras na Gaeilge de réir an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

Cuspóir 11

Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a thagann faoina scáth, ar nós Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus Bord na Leabhar Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a chaomhnú agus a threisiú sa Ghaeltacht.

Cuspóir 12

Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta.

Cuspóir 13

Aithníonn an Rialtas an ról fíorthábhachtach atá ag an earnáil dheonach Ghaeilge agus leanfar ag tabhairt tacaíochta di.

Is é atá sna cuspóirí sin mandáid láidir do ról atá ceadaithe go hoifigiúil a bheith ag an nGaeilge agus an tábhacht a bhaineann léi sa saol poiblí ar fad. Tá moltaí leagtha amach againn le haghaidh beart Príomha agus Tánaisteach atá dírithe ar na cuspóirí a athrú ina meicníochtaí chun cumas sa Ghaeilge a leathnú agus a fhorbairt, chun na deiseanna dá húsáid a leathnú agus a dhoimhniú agus chun dearcadh dearfa glacach a chothú a fhéachann le húsáid na Gaeilge a spreagadh i ngach aon réimse den saol poiblí.



Aithnítear sa *“Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht”* (2007) go bhfuil trí chineál pobail teanga sa Ghaeltacht (A = >67% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge; B = 44-66% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge; C = <44% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge) agus idirghabhálacha pleanála teanga spriocdhírthe cuí á moladh aige. Molaimid an ceathrú catagóir, catagóir D, a chur leis sin lasmuigh den Ghaeltacht, ar catagóir í a bheadh mar bhonn le tionscnaimh phleanála teanga spriocdhírthe chun pobail/líonraí teanga nua a fhorbairt. Ba chóir critéir ar leith a fhorbairt do Chatagóir D ina n-áireofaí dearcadh an phobail, acmhainn teanga, oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus toilteanas a bheith páirteach ar bhonn gníomhach i dtionscnaimh teanga.

Roinn Gnóthaí Gaeltachta agus Gaeilge

Ba chóir Roinn na Gaeltachta a ath-chomhdhéanamh chun bheith ina Roinn Gnóthaí Gaeltachta agus Gaeilge. D’fhágfadh sé sin deis ag an roinn sineirgí breise a chruthú idir na pobail teanga thraidisiúnta agus na líonraí nua cainteoirí laistigh den stát agus lasmuigh de.

An Roinn Comhshaoil

Ba chóir aonad pleanála Gaeltachta a bhunú mar dhlúthchuid den Bhord Pleanála agus ionadaíocht chuí aici chun gníomhú mar chomhlacht achomhairc i dtaobh chinntí pleanála na gComhairlí Contae ábhartha a éiríonn as forálacha Gaeltachta an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus as na rialacháin ghaolmhara a bhaineann leis.

An Roinn Oideachais

Ba chóir Aire Stáit tiomnaithe a cheapadh chun na Roinne Oideachais agus freagracht fhoriomlán air nó uirthi i leith oideachais trí mheán na Gaeilge agus i leith na Gaeilge sa chóras oideachais i gcoitinne.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Ba chóir An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a ath-chomhdhéanamh chun bheith ina comhlacht reachtúil agus vóta cistithe sonrach aici faoi réim bhuiséad na Roinne Oideachais. Ba chóir go bhforbródh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta clár gnímh incriminteach ar leith agus é ailínithe le céimeanna I-III den Straitéis 20 bliain agus á dhírú go sonrach ar fhoghlaimeoirí a iompú ina ngnáthúsáideoirí rialta den teanga.

Bearta don Ghaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Ba chóir clár fheasachta teanga agus oiliúna teanga a neartú chun a chinntiú go mbeidh sciar níos airde den fhoireann feidhmiúil go fírinneach sa Ghaeilge. Ba chóir bunfhaisnéis reachtúil faoin nGaeilge a áireamh san oiliúint feasachta teanga; ba chóir go ndéileálfadh an oiliúint san fhorbairt dhátheangach le nósanna imeachta riaracháin agus le hinniúlacht níos fearr sa teanga agus ba chóir go ndéileálfadh an oiliúint sa chleachtadh teanga le nósanna imeachta praiticiúla agus le cleachtais oibre agus na gnéithe idirphearsanta den chumarsáid á dtabhairt san áireamh chomh maith le hógairacht i leith ceisteanna teanga san ionad oibre. Céim straitéiseach chun cinn a bheadh ann glacadh le ceanglas polasaí ó thaobh daoine dátheangacha inniúla a



bheith sna ranna agus sna gníomhaireachtaí sin ina mbíonn éileamh coitianta ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge.

Tá glactha ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 leis an scéim teanga mar chroí-ionstraim trína gcuirtear seirbhísí dátheangacha ar fáil. Le himeacht aimsire ba chóir go mbeadh na scéimeanna sin ar mhodh comhleanúnach feadh na seirbhíse poiblí agus go mbeidís bunaithe go doimhin i gcultúr na n-eagraíochtaí earnála poiblí mar go bhfuil scóip mhór iontu chun ceartha indibhidiúla teanga custaiméirí agus na foirne oibre dátheangaí, a chuimsítear leis na scéimeanna, a institiúidiú. Moltar an ionstraim scéime teanga a leathnú chun réimsí eile a chuimsiú.

Is ceanglas de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus de chuid Chairt Seirbhísí Cáilíochta Custaiméirí Roinn an Taoisigh (2002) freisin seirbhísí poiblí a sheachadadh trí mheán na Gaeilge. De dheasca a laghad d'oibrithe na hearnála poiblí a bhfuil sé d'acmhainn iontu seirbhísí poiblí a sheachadadh trí Ghaeilge is gá gníomh cothromúcháin chun a chinntiú go mbeidh líon dóthanach foirne sa tseirbhís phoiblí atá inniúil ar an nGaeilge. Molaimid dá réir sin ceanglas a thabhairt isteach arís i dtaca le scileanna Gaeilge san earnáil phoiblí trí scéim earcaíochta a cheapadh a bheadh i bhfabhar daoine inniúla dátheangacha.

Ba chóir cáiliú creidiúnaithe sa Ghaeilge don tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt agus a sheachadadh. Ní mór Diplóma Náisiúnta sa Dátheangachas agus sa Chleachtadh Teanga a dhearadh agus a thairiscint. Ba chóir an diplóma sin a bheith deartha chun tacú le seirbhísí cáilíochta a thairiscint don phobal go dátheangach.

Lárionad Náisiúnta Acmhainní Teanga (LNAT)

Táimid a rá go bhfuil ról an Lárionaid Náisiúnta Acmhainní Teanga ríthábhachtach i dtaca leis an Straitéis a chur chun feidhme. D'fhéadfaí feidhm an LNat a lonnú i struchtúr atá ann cheana féin. Ba chóir go ndéanadh an LNat monatóireacht ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga praiticiúla ó shochaithe eile, tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin agus iad a choigeartú; ábhair a éascaíonn úsáid na Gaeilge a thionscnamh, suirbhéireacht a dhéanamh ar na hábhair sin agus iad a athbhreithniú; bunachar lárnach sonraí d'ábhair, teimpléid agus feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise trí mheán na Gaeilge a óstáil; teoracha agus ábhair a ullmhú chun cuidiú le daoine aonair agus le heagraíochtaí saorálacha an Ghaeilge a chur chun cinn; líne chabhrach phoiblí náisiúnta a sholáthar; gníomhú mar lárionad faisnéise náisiúnta agus mar theach imréitigh do sheirbhísí aistriúcháin agus do sheirbhísí eile a bhaineann leis an teanga; bunachar sonraí náisiúnta de ghníomhaíochtaí dea-chleachtais sa phleanáil teanga a shealbhú; agus forbairt córas bainistíochta teanga a chur chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla. Cuid mhór de na moltaí a leanann as seo braitheann siad ar chruthú an LNAC agus ba chóir breathnú ar a bhunú mar Phríomhthionscnamh agus mar ardtosaíocht ó thaobh cúrsaí a chur chun feidhme go luath.

Tathantóirí Teanga

Teipeann ar iliomad institiúidí seirbhís dhóthanach dhátheangach a sholáthar toisc nach mbíonn oiliúint curtha ar chroífhóireann chun sainseirbhís den chineál sin a sheachadadh. Cibé an gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil le scéimeanna teanga oifigiúla nó le pleananna teanga in-tí, teastaíonn pearsanra a bhíonn oile go gairmiúil sa dá chás. Molaimid tathantóirí teanga agus meantóirí a fhorbairt a mbeadh ról a bheidh sainithe go maith acu faoi réim fheidhmiú na bpleananna teanga earnálacha. D'fheidhmeodh na daoine gairmiúla sin ar thrí leibhéal: leibhéal áitiúil, laistigh de chontae nó laistigh de thionscal nó gairm ar leith, amhail an



tseirbhís dóiteáin, cuntasáiocht nó acmhainní daonna. Tathantóirí teanga a sholáthródh an oiliúint nó an treoír sin ar chúrsaí oiliúna ardleibhéil. Is é atá iontu go bunúsach lucht cothaithe acmhainne agus muiníne laistigh d’eagraíocht. I gcás eagraíochtaí beaga d’fhéadfaí feidhm a bhaint as tathantóirí teanga le haghaidh seisiún oiliúna gearr agus a luaithe a bheadh na scileanna agus na cleachtais oibre a theastaíonn bunaithe, ghabhfadh na tathantóirí sin ar aghaidh go dtí eagraíocht eile, ach is leis an gcontae nó leis an earnáil ghairme ar leith a bheadh an Conradh fostaíochta acu.

Pleananna Teanga Contae

Tá cónaí ar chéatadán ard cainteoirí laethúla Gaeilge i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí, Chorcaí, Phort Láirge agus na Mí. Ba chóir don Rialtas na contaetha sin a ainmniú go hoifigiúil mar chontaetha Gaeltachta agus ba chóir a cheangal ar na húdaráis chontae pleananna teanga contae a ullmhú agus a chur chun feidhme. Ba chóir breathnú ar na pleananna sin, faoi seach, i gcomhar leis an bPlean Forbartha Contae agus ba chóir tionscnaimh a bheith ar áireamh iontu chun céatadán agus líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú ar bhonn bliantúil trí thionscnaimh spriocdhírthe don chontae sin. Maidir leis na bearta a chomhaontófar sa phlean ba chóir go ndéanfadh geallsealbhóirí agus saineolaithe pleanála teanga iad a sheachadadh ag leibhéal an chontae. Tar éis luacháil a dhéanamh féadfar an cur chuige sin a leathnú chuig contaetha eile.

Plean Teanga do Chomhairlí Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath

Tá cónaí ar líon substaintiúil cainteoirí laethúla Gaeilge i mórcheantar chathair Bhaile Átha Cliath agus sa limistéar máguaird. Baineann tábhacht mhór shiombalach, do mhuintir na hÉireann agus do chuairteoirí a thagann go Baile Átha Cliath i mbun gnó nó mar chuairteoirí, leis an nGaeilge a bheith ar an láthair sa phríomhchathair. Ba chóir do na húdaráis chathrach agus chontae fis teanga a fhorbairt chun an phríomhchathair a chur chun cinn mar chathair dhátheangach nua-aimseartha agus an fhís sin a chur chun feidhme sa chéad tréimhse de chéim II. Ba chóir gurb í an phríomhsprioc don phlean sin cion na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú ar bhonn bliantúil trí chur le feicseanacht na teanga agus trí dheiseanna a chur ar fáil do ghnáthúsáid na Gaeilge sa chathair.



Tionscnaimh Theanga

Moltar go ndéanfadh an Comhlacht Forfheidhmithe córas Tionscnamh Teanga (TT-anna) a bhunú ar fud na tíre ar tionscnaimh iad a bheadh mórán ar aon dul ó thaobh scóipe agus cineáil de le ‘Mentrau laith’ (Tionscnamh Teanga) na Breatnaise. Is é a bheadh mar aidhm acu pobail áitiúla a chumhachtú chun a gcuid líonraí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a neartú agus réimse seirbhísí agus gníomhartha a chomheagrú a d’fheidhmeodh mar dhroichead idir seirbhísí rialtais agus an tsochaí shibhialta.

D’fheidhmeodh na Tionscnaimh Áitiúla mar ‘siopa pobail aon ionaid’ chun comhairle a chur ar fáil do thuismitheoirí nua ar mian leo a gcuid leanaí a thógáil ar dhóigh go mbeidh siad dátheangach; treoír a thairiscint faoi réimse na ndeiseanna oideachais trí mheán na Gaeilge atá ar fáil; chun cuidiú le heagraíochtaí poiblí agus saorálacha ar mian leo méadú ar an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge; lucht gnó a spreagadh ar mian leo seirbhís dhátheangach a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí. Dhíreodh gníomhaíochtaí tionscnamh áitiúil ar dheiseanna sóisialta agus foghlama a sholáthar nó a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga a bhaineann úsáid as a gcuid Gaeilge, chuirfidís deiseanna ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den



seomra ranga i réimse de ghníomhaíochtaí cultúir, sóisialta, fóillíochta agus spóirt, thabharfaidís faoi ghearobair aistriúcháin agus dhéanfaidís ateangaireacht agus aistriúchán comhuaineach pobalbhunaithe a chur ar fáil ag cruinnithe.

Is é a bheadh mar aidhm le hiarrachtaí athghiniúnacha fadtéarmacha na dtionscnamh teanga (TTanna) dálaí sóisialta a chruthú chun dearcadh dearfa a chothú i leith na Gaeilge agus méadú a thabhairt i gcrích i dtaca lena húsáid i gcoitinne, úsáid na Gaeilge a normalú mar mheán cumarsáide sóisialta agus institiúide, agus béim a chur ar an dlúthcheangal idir teanga agus dearcadh a bhaineann le ceisteanna cáilíochta beatha, leis an timpeallacht agus leis an ngeilleagar áitiúil.

Pleananna Gnímh Áitiúla

Moltar Pleananna Gnímh Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de líon teoranta roghionad i gcatagóir D. Is é is aidhm leis an bPlean Gnímh Áitiúil daoine áitiúla agus grúpaí poiblí/saorálacha a tharraingt le chéile le húsáid na Gaeilge a éascú ar bhonn áitiúil. Ba chóir é sin a dhéanamh trí chomheagrú breise a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana féin agus trí bhreis feasachta ó thaobh an phobail. Leis an tionscnamh sin dhéanfaí an bheocht sa Ghaeilge sa limistéar áitiúil a mhapáil agus a aithint agus mar thaca aige bheadh iniúchadh rialta teanga a d'aithneodh láidreachtaí agus laigí leanúnacha agus a sholáthródh fianaise amshreatha i dtaobh an tionchair a bheadh ag polasaithe agus athleasuithe a bhaineann leis an teanga ar úsáid na teanga go hiarbhrí. Ba chóir na pleananna sin a imeascadh le Pleananna Teanga Contae i gcás is infheidhme agus ba chóir forbairt lárionad sóisialta agus acmhainní a áireamh iontu.

Ról na hEarnála Deonái

Aithnítear an ról criticiúil atá ag an earnáil teanga dheonach agus molaimid go ndéanfaí í a chumhachtú chun leanúint dá ról tábhachtach uathúil i réimsí chosaint agus chur chun cinn na teanga. Tá sé tábhachtach (i) go mbeadh fóram náisiúnta ann atá ionadaíoch don phobal teanga uile, lena n-áirítear eagraíochtaí teanga agus réimsí teanga, (ii) go dtabharfaí guth do phobal na teanga agus deis le bheith rannpháirteach i bpolasaí, agus (iii) go dtabharfaí tacaíocht do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair sin ar mian leo a bheith gafa leis an teanga ar leibhéil náisiúnta agus áitiúla de réir aidhmeanna na Straitéise agus a bhfuil inti.



6.iii Na Meáin agus an Teicneolaíocht

Tá na gníomhartha atá beartaithe faoi réimse na meán agus na teicneolaíochta, mar atá gach aon réimse gníomhaíochta, leagtha amach le prionsabail fholuiteacha na Straitéise a bhaint amach, eadhon, (i) líon na gcainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 72,000 go dtí 250,000; (ii) líon na gcainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil sa Ghaeltacht a ardú mar go bhfuil sé criticiúil í a neartú ó thaobh na Straitéise tríd is tríd; (iii) líon na ndaoine ar féidir leo leas a bhaint as seirbhísí stáit trí mheán na Gaeilge a ardú agus ar féidir leo rochtain a fháil chuig na meáin teilifíse, raidió agus chló trí mheán na teanga.

Cuspóir 9

Déanfar cinnte de go bhfuil seirbhísí cuimsitheacha craolacháin ar ardchaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, go mór mhór trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar RTÉ, ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.

Níl aon amhras i dtaobh thábhacht na teilifíse agus an raidió agus phríomhghnéithe den chraoltóireacht seirbhíse poiblí. Is í an fheidhm atá acu gníomhú chun lucht éisteachta agus féachana a thabhairt le chéile, cláir ardcháilíochta atá ilghnéitheach, nuálach agus siamsúil a sholáthar a chuireann eispéireas i bpáirt ar fáil. Tá sé tábhachtach freisin i gcás na meán trí Ghaeilge go dtuigfí go hiomlán an poitéinseal oideachais an-luachmhar a bhaineann leo mar thionscnóir ardghradaim ar an gcultúr béil agus mar fheithicil iontaofa do léiriú ilghnéitheachta teanga eadhon na canúintí, na sainréimeanna éagsúla agus na téarmaíochtaí éagsúla agus go mbainfí lánbhuntáiste as sin. Ba chóir go gcuirfeadh sé tuilleadh le poitéinseal an réimse sin go bhfuil na meáin thraidisiúnta agus an Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide ag teacht le chéile.

Tá a bealach á rianú ag an nGaeilge cheana féin i dtreonna nua sa 21ú haois. Ní réimsí scoite iad earnálacha traidisiúnta an oideachais, an phobail, na n-ealaíon agus na meán a thuilleadh ina bhféadtar polasaithe aonair ar leithligh a fhoirmlíú agus a chur i bhfeidhm. Teangacha a bhíodh faoi mhíbhuntáiste roimhe seo de dheasca a mbonn pobail a bheith scaipthe tá siad suite go maith anois chun leas a bhaint as na deiseanna atá ann ó thaobh na nuálaíochta trí theicneolaíochtaí nua na cumarsáide agus na meán.

Tá poitéinseal ollmhór ag baint leis na meáin agus leis an teicneolaíocht sa chiall is leithne chun cur le hacmhainní sna healaíona agus san oideachas agus bealaí nua a oscailt do dhaoine aonair agus do phobail chun a gcuid eolais ar an nGaeilge a mhéadú agus í a úsáid ar bhonn níos rialta. Le cur leis an acmhainn leis an nGaeilge a léamh agus a scríobh tá gá le smaointeoireacht nua a ghabhann thar na srianta a bhaineann leis an bhfocal clóite a tháirgtear ar pháipéar. Agus caithfear a thuiscint go bhfuil stórail, aisghabháil agus páirtíú faisnéise níos forleithne, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla de bharr na n-athruithe teicneolaíochta atá ann anois.

Ní mór na deiseanna chun forbairtí a nascadh sna healaíona, sna meáin, sa teicneolaíocht agus san oideachas a chur i gcuntas sa pholasaí don todhchaí, chomh maith le tógáil ar na bealaí traidisiúnta le hábhar a chruthú agus a scaipeadh. Caithfear na deiseanna le léamh agus scríobh sa Ghaeilge, ar a n-áirítear táirgeadh na meán clóite agus na litríochta uile sa teanga agus a bhfeidhmiú san oideachas, sa chultúr agus san fhóillíocht a shaothrú trí mhodhanna traidisiúnta agus nuálacha a thabhairt le chéile. Áirítear sa mhéid sin na bealaí cumarsáide sin nach mbaineann mórán úsáide as an teanga scríofa. Ba chóir leanúint freisin de tháirgeadh





na meán clóite agus na leabhar clóite, ach is léir go bhfuil luach ar airgead ón infheistíocht sin ag brath go mór ar shocruithe dáileacháin agus margaióchta níos fearr a bheith ann ná na socruithe sin a bhí ann go dtí seo. Ba chóir leas a bhaint as meáin nua agus as teicneolaíochtaí nua d'fhonn méadú ar rannpháirtíocht an phobail i léamh agus scríobh na Gaeilge ar bhealaí nua agus in áiteanna nua.

Ba chóir leanúint de ghnáth-tháirgí traidisiúnta amhail nuachtáin, irisí agus leabhair chlóite a tháirgeadh agus de thacaíocht a thabhairt dóibh agus aird níos mó a dhíriú ar iad a dháileadh ar bhealach níos éifeachtaí agus ar dhíolacháin sách maith a bhaint amach. Níl éifeacht ag baint le tacaíocht a bheith á tabhairt do tháirgeadh ábhair aon mheáin seo mura mbíonn gréasáin mhargaióchta agus dháileacháin ann agus mura mbíonn tairseach réasúnach ó thaobh éileamh ón bpobal ann freisin. Is den rithábacht é go mbeadh teacht go réidh ar ábhair chlóite i nGaeilge i siopaí nuachtán agus siopaí leabhar má tá an litríocht agus an irisíocht chlóite le bheith inmharthana san am atá le teacht.

Maidir le táirgí clóite ní nithe aonair iad a thuilleadh san ionad margaidh, agus má leanaimid dá dtáirgeadh ar an mbonn sin is lú baint a bheidh acu le hábhar de réir a chéile agus ní thabharfar aon aird orthu. Is den rithábacht é go dtabharfaí tacaíocht d'fhoilsitheoirí na dtáirgí sin ar an mbonn go saothraíonn siad in éineacht leo sin na teicneolaíochtaí eile agus na meáin nua atá ar fáil, ar a n-áirítear eagrán ar líne, closleabhair agus ábhair fhíseán, ar nithe iad a chuimseodh, ní amháin a bhfuil san ábhar clóite atá ann cheana féin, ach luach breise chomh maith i bhfoirm ábhar agus gné-ábhar nua. Tá léiriú i dtreoir a tháinig le déanaí ón AE faoi stádas cánach closleabhar go bhfuil athrú tagtha ar an tuiscint agus ar an míniú ar an 'leabhar' mar tháirge.

An cás d'fhóirdheontais a thabhairt do nuachtáin, d'irisí agus d'fhoilsitheoireacht leabhar i nGaeilge ba chóir é a dhéanamh agus a thomhas i leith a éifeachtaí atá na nithe sin ó thaobh réimse iarbhair na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sa Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt. Is dúshlán atá doiciméadaithe go maith cheana féin bunacmhainn na léitheoirí agus na scríbhneoirí sa Ghaeilge a athnuachan agus tá neart údair ann le bealaí nua ó thaobh cuir chuige a ghlacadh. Ba chóir go gcuirfeadh na polasaithe agus na tacaí airgeadais do na gníomhaíochtaí sin san áireamh na hathruithe bunúsacha atá ag tarlú ó thaobh ábhar a chruthú agus a dháileadh. Is mó agus is mó a fhágann an margadh príomhshráide, a bhfuil an fócas atá aige á chúngú seasta, agus 20 faoin gcéad de na hearraí cultúir a bhfuil fáil orthu á ndíriú ar 80 faoin gcéad den mhargadh, idir tháirgeoirí agus tomhaltóirí earraí cultúir nideoige faoi mhíbhuntáiste. Ina aghaidh sin fágann coincheap an 'eireabaill fhada' mar a ndéantar ábhair a tháirgeadh, a indibhidiúlú agus a dhíol thar an idirlíon, go mbíonn teacht go réidh ar réimse iomlán na n-earraí cultúir ag pobail teanga atá níos lú agus ag daoine aonair.

Agus teicneolaíochtaí agus teicnící margaióchta á bhforbairt seasta tá gach cuma ar an scéal go mbeidh athrú suntasach sna blianta atá romhainn ar an straitéis is éifeachtaí chun an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht sa Ghaeilge a fhorbairt agus beidh gá lena athbhreithniú i gcónaí. Ar na bearta chun tacú le léamh agus scríobh na Gaeilge ba chóir na nithe seo a leanas a áireamh:

- ócáidí agus gníomhaíochtaí liteartha a fhorbairt i leabharlanna poiblí agus treoirchláir léitheoireachta i scoileanna;
- comhoibriú idir dáileoirí, foilsitheoirí agus leabhardhíoltóirí lena chinntiú go ndéanfar leabhair nua i nGaeilge a dháileadh go héifeachtach agus go mbeidh siad ar taispeáint ar bhealach níos feiceálaí sna siopaí agus ar líne;

- clubanna leabhar a chur chun cinn agus a fhorbairt; agus
- go bhforbródh TG4 sainchúraim tionscnaimh litríochta, agus ról tábhachtach a bheith aici i dtaca le dámhachtainí litríochta agus cláir leabhar.

Maidir le *hOireachtas na Gaeilge*, ós í príomhfhéile náisiúnta na teanga í, ba chóir í a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt di le deis a thabhairt don fhéile leanúint ag fás. Ba chóir an fhorbairt a bhainistiú go cúramach, áfach, chun a chinntiú go leanfaidh an fhéile ina sárthaispeántas ar an nGaeilge agus ar litríocht agus ar chultúr na Gaeilge.

Maidir le RTÉ, ós é an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí é, ba chóir dó úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla a normalú ina chuid craolachán, agus cur leis an rath atá ar an gcleachtadh atá anois aige le linn 'Seachtain na Gaeilge'. Ba chóir go leanfadh RTÉ lena thacaíocht do Raidió na Gaeltachta agus dá fhorbairt.

Ba chóir tionscnaimh ar leith a bhunú chun ligean do dhaoine óga agus don scaipeadh mór daoine de bhunadh na hÉireann ar fud an domhain teacht ar an raidió agus ar mhodhanna cumarsáide caintbhunaithe eile tríd an idirlíon agus trí Chloschraoladh Digiteach.

Ba chóir tuilleadh tacaíochta a thabhairt do TG4 chun seirbhísí teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil. Ba chóir cur go mór leis na roghanna maidir le fotheidealú le go mbeadh tairiscint ar na roghanna fotheideal i nGaeilge, i mBéarla agus i nGaeilge is Béarla agus atreisiú suntasach a dhéanamh dá réir ar inrochtaineacht TG4 d'fhoghlaimoirí agus do Ghaeilgeoirí nach bhfuil líofa sa teanga.

Tá ról ollmhór ag spórt sa chultúr coiteann. Tá an-rath ar fad ar thuairisciú spóirt ar an teilifís i dtaca le teangacha mionlaigh agus teangacha neamhfhorleathana a chur chun cinn, go háirithe in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag. Dá ndéanfaí mionleasú ar an reachtaíocht chraolacháin atá ann ba mhór an tionchar a bheadh aige sin ar an nGaeilge ó thaobh a bheith bainteach le mórócáidí spóirt a bhíonn ar siúl in Éirinn. Ceanglaítear le dlí an AE ar gach aon bhallstát liosta dá mórócáidí spóirt a ainmniú (agus an liosta a athbheithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta) agus a chinntiú go mbíonn rochtain shaorchraolta ag an lucht féachana náisiúnta teilifíse ar na hócáidí sin ar rátaí cothroma cothromasacha. Faoi dhlí na hÉireann mar atá sé faoi láthair, cáilíonn TG4 mar chraoltóir den sórt sin. D'fhéadfaí cur go mór le gradam agus próifíl na Gaeilge ach a chinntiú go bhfuil an rochtain sin aige saor ó chostas ar gach aon ócáid ainmnithe.

Ba chóir tionscnaimh Uile-Ghaeilge a bhfuil sainchúram ar leith orthu i leith na n-ealaíon, lena n-áirítear an drámaíocht agus na healaíona traidisiúnta, a phleanáil agus a fhorbairt mar chuid de straitéis chomhtháite ealaíon idir an Roinn Gnóthaí Gaeltachta agus Gaeilge agus an roinn ábhartha a bhfuil freagracht na n-ealaíon uirthi.



Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

Ba chóir go gcinnteodh Rialtas na hÉireann go bhfuil an Ghaeilge ar áireamh sna cláir fhorbartha AE i leith na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Ba chóir don Rialtas freisin oibriú go gníomhach le mórsholáthraithe Teicneolaíochta Faisnéise (TF) chun táirgí trí mheán na Gaeilge, arna gcoimisiúnú ag an rialtas, a cheadúnú agus a dháileadh. Maidir le straitéis Teicneolaíochta Faisnéise, chuimseodh sí: Téarmaíocht TF agus Acmhainní Foclóireachta; logánú agus feidhmeanna foinse oscailte; inmhalartaitheacht aitreabúidí comhéadain agus teanga; áiseanna breise cruthaithe ábhar mar thaca le seiceálaithe litrithe agus foclóirí ríomhairithe, marcóirí diaicriticí, leathanaigh ghréasáin ilteangacha; aistriúchán agus téarmaíocht le haghaidh aistriúcháin ríomhchuidithe; córais bhainistithe ábhar/doiciméad ilteangach; ceisteanna teicneolaíochta teanga agus corpais; teicneolaíocht urlabhra, sintéis urlabhra, aithint urlabhra, teicneolaíocht choigeartaitheach agus ceisteanna leabaithe; tógáil acmhainne le haghaidh úsáideoirí deiridh agus speisialaithe teicneolaíochta; an ríomhfhoghlaim agus an Ghaeilge; bogearraí ionad glaonna; bunachar sonraí cúil agus dátheangachas/ilteangachas; feistí móibíleacha; aithint optúil carachtar agus aithint scríbhneoireachta.

Is gá forbairtí TFC den sórt sin a neadú freisin i gcleachtais oideachasúla agus shóisialta agus i gcleachtais a bhaineann le hobair chun go mbeidh siad ina modhanna éifeachtacha cumarsáide níos fearr.

6.iv Seasamh Oifigiúil

Tá na gníomhartha atá molta faoin réimse Stádais/Seasamh Oifigiúil leagtha amach chun prionsabail fholuiteacha na Straitéise eadhon acmhainn, deis agus dearcadh níos fearr ag daoine a bhaint amach. Tá trí chuspóir ar áireamh i *“Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006”* a bhaineann le reachtaíocht:

Cuspóir 1

Seasfar leis an stádas faoi leith atá ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus i ndlíthe na tíre ar nós Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, An tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000 agus An tAcht um Chraolacháin 2001.

Cuspóir 2

Cuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm go hiomlán. Forbrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le dreamanna eile agus déanfar socruithe cuí chun é seo a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 10

Tabharfar gach cúnamh agus tacaíocht don Aontas Eorpach i bhfeidhmiú an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus ina teanga oifigiúil san AE ón 1 Eanáir 2007.

Is mó atá an reachtaíocht dírithe ar dheiseanna a chruthú d’úsáid na Gaeilge, mar aon le ról freisin i dtaca le dearcadh a chothú i leith ghlacadh agus corprú na cumarsáide Gaeilge sa riarachán agus sa rialachas príomhshrutha.



Seasamh sa Dlí

Rinneadh forálacha le haghaidh chosaint agus úsáid na Gaeilge a áireamh in iliomad píosaí reachtaíochta a d'achtaigh Rialtais chomhleanúnacha ó bunaíodh an Stát. Tá éifeacht tugtha in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 do stádas bunreachtúil na Gaeilge mar an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil. In 2009 tá príomhfhórlacha an Achta i bhfeidhm.

Athbhreithniú

Moltar go ndéanfaí an tAcht a athbhreithniú in 2013, deich mbliana i ndiaidh a achtaithe, féachaint le forálacha na reachtaíochta a neartú. Bheadh sé cuí freisin forálacha a áireamh i ndáil le soláthar réamhghníomach seirbhísí agus croífhórlacha na Scéimeanna Teanga tosaigh mar oibleagáidí díreacha nua faoin Acht. D'fhéadfadh go mbeidh gá forálacha a neartú lena chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí an tAcht.

Ról an Rialtais

Ní mór do Rialtas na hÉireann ról láidir ceannaireachta a fheidhmiú sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge; caithfidh an Rialtas an deashampla agus an cheannaireacht a thabhairt. Ní mór do na forais agus na heagraíochtaí seirbhíse poiblí uile a bheith níos feasaí i dtaobh spiorad agus chuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Straitéis an Rialtais don teanga. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh gach aon eagraíocht earnála poiblí polasaí an Rialtais i leith na teanga a chur san áireamh agus bogadh ar aghaidh ó shuíomh ina mbraitheann roinnt daoine aonair go bhfuil cead acu a bpolasaí féin a fhorbairt de réir an dearcaidh atá acu féin i leith na teanga. Tugann an cleachtas sin, ar ábhar imní é, orainn a mholadh go gcuirfeadh an Rialtas clár oiliúna ar fáil do gach aon iontrálaí nua trí chlár threoshuímh i ranna Acmhainní Daonna agus gur chóir dó ceannaireacht pholaitiúil agus riaracháin a spreagadh chun an cultúr eagrúcháin a athrú ó bhonn. Ba chóir don Oifig Chláir clár a fhorbairt a chuirfeadh feabhas ar an gceannach isteach ón earnáil phoiblí.



6.v An Saol Eacnamaíoch

Cé nach bhfuil aon chuspóirí sonracha a bhaineann leis an saol eacnamaíoch i *"Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006"*, tá sé tábhachtach go mbainfeadh cainteoirí Gaeilge a bpoitéinseal amach i réimsí gnó, fostaíochta agus pobail. Ba chóir cainteoirí Gaeilge ar fud an stáit a spreagadh chun go n-éireodh leo i gcúrsaí gnó agus ba chóir úsáid na Gaeilge san ionad oibre a spreagadh freisin.

Scéim Teanga Shaorálach

Ba chóir Scéim Ghaeilge Shaorálach a thabhairt isteach ar bhonn deonach san earnáil phríobháideach. Is í an aidhm a bheadh léi spreagadh a thabhairt do chuideachtaí san earnáil phríobháideach ar mór acu an ilchineálacht teanga i gcoitinne agus an Ghaeilge go háirithe agus ar mian leo a bheith páirteach i gclár náisiúnta chun seirbhísí ardcháilíochta do chustaiméirí a sheachadadh i nGaeilge agus i mBéarla. Ba chóir tionscnaimh eiseamláireacha ó thaobh tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge a aithint go poiblí agus a cheiliúradh.



Lipéadú agus Pacáistiú Dátheangach

Ba chóir don rialtas scrúdú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé treoirlinnte a thabhairt isteach lena spreagfaí earraí a dhíoltar nó a tháirgtear in Éirinn a bheith lipéadaithe agus a bheith pacáistithe go dátheangach. Ba chóir an ghníomhaíocht sin a úsáid mar mheicníocht chun forbairt a dhéanamh ar raon na gceart atá ar fáil do thomhaltóirí ó thaobh an Ghaeilge a roghnú mar theanga do mhalartú.

Ba chóir a cheangal le reachtaíocht go n-úsáidfe an Ghaeilge, a mhéid is féidir, i ngnéithe eile de lipéadú agus de phacáistiú táirgí, eadhon, comhdhéanamh na dtáirgí, teoracha lena n-úsáid agus foláirimh maidir le sábháilteacht. Más rud é go ndéanann teoracha ón gCoimisiún Eorpach maidir le pacáistiú agus lipéadú cearta na mBallstát a shrianadh ó thaobh reachtaíocht a achtú ina leith sin, ba chóir go gcomhoibreodh Éire le ballstáit eile chun a chinntiú nach gcuireann na teoracha sin bac ar cheart na mBallstát reachtaíocht a achtú a chuideodh leis an dátheangachas i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí tráchtála.

Gníomhaíocht Eacnamaíoch

Le go gcuirfead le feicseanacht na Gaeilge sa saol eacnamaíoch theastódh cur le fógraíocht trí mheán na Gaeilge. I gcomhthéacs na hÉireann mar atá faoi láthair, molaimid cur chuige dreasachtbhunaithe a thairgfeadh buntáistí cánach do chuideachtaí a chaithfeadh sciar ainmnithe dá mbuiséad fógraíochta ar fhógraíocht trí mheán na Gaeilge.

Ar na polasaithe dreasachtbhunaithe eile áirítear buntáistí cánach do chuideachtaí a tháirgeann an leibhéal céanna de sheirbhís intomhaiste i nGaeilge agus i mBéarla, go háirithe (i) i leith foirmeacha clóite a sholáthar (foirmeacha cláraithe óstáin, seiceanna bainc, etc.) (ii) i leith seirbhísí iardhíola a sholáthar (línte cabhrach teileafóin, etc.).

Ba chóir sraith tionscnamh a shuíomh le fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i measc phobal na Gaeilge ar bhonn cuideachta, ar bhonn earnálach nó ar bhonn áitiúil. Ba chóir cur chuige déach a úsáid mar a leanas:

- an fhiontraíocht a spreagadh trí chlár oiliúna, grollanna gnó, cuideachtaí campais agus cruthú líonraí eacnamaíocha; agus
- tacú le tionscal na teanga agus í a forbairt le gur tionscal é a fhéadann na seirbhísí is gá a sholáthar don stát agus don AE i réimsí amhail an t-aistriúchán, an ateangaireacht, múineadh na teanga, an fhoilsitheoireacht, sainchomhairliúchán teanga, bainistiú tionscadal. Ba chóir tacaíocht tosaigh, seirbhísí meantóireachta, forbairt táirgí, comhairle i leith margaíochta agus cuir chun cinn, agus seirbhísí bainistíochta agus forbartha a bheith ar áireamh sna bearta atá i gceist.



7. TIONSCNAIMH CHROSGHEARRTHA

Ní mór tabhairt faoi shraith tionscnamh feadh réimsí uile na gníomhaíochta atá pléite. Tá na bearta sin a bhfuil an chuma orthu gur bearta neamhchosúla iad nasctha sa mhéid go bhfuil siad dírithe ar cheann amháin nó eile de phrionsabail an chreata fholuitigh, eadhon, acmhainn, deis agus dearcadh.

Meitheal Smaointe

Ba chóir meitheal smaointe ardleibhéil a chruthú ar bhonn *ad hoc* ó am go ham ar a mbeadh smaointeoirí cruthaitheacha agus nuálaithe chun go ndéanfaid siad, mar shampla, bealaí nua chuir chuige a fhorbairt i leith chothú agus chur chun cinn na teanga agus úsáid á baint as forbairtí san earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide.

Láithreán Tairsí

Ba chóir láithreán tairsí a fhorbairt don Ghaeilge. Ba chóir é sin a dhearadh chun rochtain éasca oscailte a sholáthar do na hábhair agus na hacmhainní uile don Ghaeilge agus sa Ghaeilge, ar a n-áireofaí ábhair ríomhfhoghlama, foilseacháin, na meáin, téarmaíocht, logainmneacha, foilseacháin acadúla, líonraí teanga, foinsí digitithe, líonraí sóisialta agus líonraí gairmiúla.

Láithreán Sárthaispeántais

Ba chóir spás fisiciúil sárthaispeántais tiomnaithe a fhorbairt i bhfoirgneamh nua-aimseartha aeistéitiúil i lár Bhaile Átha Cliath ina gcuimseofaí spás amharclainne, siopaí caife agus bialanna, siopaí leabhar, eagraíochtaí Gaeilge, lárionad idirlín, seomraí do chruinnithe agus seomraí comhdhála, limistéir thaispeántais, aonaid tionscnaimh taighde agus forbartha.

Ba chóir líonra lárionad teanga a fhorbairt sa Ghaeltacht agus na lárionaid sin a beith lonnaithe go suaithinseach.

Ról AE don Ghaeilge

Ba chóir don Rialtas a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge ar áireamh, mar theanga oibre oifigiúil, i ngach aon chlár taighde agus forbartha, idir chlár AE agus chlár bhaile, i réimsí na próiseála teanga nádúrtha, na foghlama teanga, agus na dteicneolaíochtaí teanga. Bainfidh an Ghaeilge leas freisin as ardáin atá forbartha cheana féin trí chlár taighde agus forbartha le haghaidh teangacha eile.





Clár Digitithe

Ba chóir clár náisiúnta a chruthú mar chuid de cheiliúradh Éirí Amach 1916 chun mórshaothair Ghaeilge a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a dhigitiú chun go mbeidh siad inrochtana trína bhfoilsíú ar an ngréasán. Tógfaidh sé sin ar an obair atá idir lámha cheana féin ag Meamram Páipéar Ríomhaire/*Irish Script on Screen* agus ag Faireachlann Dhigiteach an tSruithléinn/*Digital Humanities Observatory*. Is foinse inspioráide í an Ghaeilge le haghaidh iliomad cineálacha nua-ealaíne lena n-áirítear an litríocht, an ceol agus an amharclann. Tá rochtain ar chuid mhór de na lámhscríbhinní is tábhachtaí teoranta, áfach, toisc go bhfuil siad á gcoinneáil i dtaisclanna ar fud an domhain agus tá cuid mhór de na saothair litríochta is tábhachtaí as cló. Ceadóidh an clár seo rochtain lárnach ar ábhair atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain.



8. PLEANÁIL ACMHAINNÍ CORPAIS

Is den rithábacht í an phleanáil corpais don Ghaeilge chun cur le sealbhú teanga agus a húsáid a éascú. Is gá go mbeadh rochtain ar acmhainní nua-aimseartha dea-láithrithe i bhformáidí clóite agus i bhformáidí leictreonacha araon le haghaidh oideachais agus a húsáid go ginearálta, agus comhlánaíonn sí stádas na Gaeilge mar bheotheanga. Ba chóir go mbeadh foclóirí, corpais agus obair théarmaíochta ar áireamh i straitéis le haghaidh pleanála corpais. Má fhaigheann acmhainní corpais i ngníomhaireachtaí éagsúla cistiú, is bunriachtanas é go n-ainmneodh an rialtas comhlacht amháin a mbeadh feidhm mhaoirseachta agus chomhordúcháin aige d'fhonn a chinntiú go mbeidh comhtháthú agus comhoibriú ann agus go ndéanfaí na córais, na caighdeán agus na haschuir a imeascadh.

Ba chóir bearta a shuíomh chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- foclóirí dátheangacha a fhorbairt, idir fhoclóirí Béarla-Gaeilge agus fhoclóirí Gaeilge-Béarla chomh maith le foclóirí i dteaghlaimí teangacha eile; ní mór soláthar dóthanach a dhéanamh lena dtabhairt cothrom le dáta agus lena n-athbhreithniú go tréimhsiúil, le foclóirí níos giorra a dhíorthú astu agus lena chinntiú go bhfoilseofar iad i bhformáidí cló agus i bhformáidí leictreonacha araon;
- acmhainní corpais agus uirlisí foclóireachta a fhorbairt chun foclóireacht na Gaeilge a fhorbairt, agus iad ag tacú le foclóirí aonteangacha (stairiúla) agus le foclóirí dátheangacha (comhaimseartha) araon;
- téarmaíocht nua-aimseartha sa Ghaeilge a fhorbairt agus a scaipeadh; agus
- athbhreithniú tréimhsiúil ar an gcaighdeán oifigiúil do litriú agus ghramadach na Gaeilge.





9. CONCLÚID

Níor tharla athrú chomh tapa agus chomh domhain riamh i stair an duine daonna agus atá ag tarlú faoi láthair. Tá an timpeallacht nádúrtha ina maireann an duine daonna ar fad ag meath is ag éag ainneoin iarrachtaí againn cur ina aghaidh sin. Feicimid os comhair ár súl aistriú stairiúil ar an locus ina raibh an chumhacht eacnamaíoch, an nuálaíocht teicneolaíochta agus an smacht polaitíochta ón gceannas ceann a bhí ag an lathar le cúig chéad bliain chuig stáit agus geilleagair san Oirthear atá ag teacht chun cinn, agus is athrú é sin nach féidir linn a stopadh b'fhéidir. Tá claochlú ó bhonn ar chumarsáid an duine de bharr theacht chun cinn na dteicneolaíochtaí faisnéise a nascann le chéile daonra daoine atá scaipthe feadh achair mhóra ama agus spáis. Tá dúshlán á thabhairt faoi nithe a bhíodh ina mbuntaca, nithe ar nós náisiún, creidimh agus traidisiún agus óg agus sean ag gluaiseacht ar bhealach nach raibh siad a dhéanamh riamh cheana. Bíonn nádúr ag bunáite na bpobal daonna lena dtír dhúchais agus lena gcomharsanachtaí ach tá níos mó agus níos mó cónaí agus idirghníomhú á ndéanamh i ndiaspóirí i suímh ilchultúrtha. Agus tá sochaithe an duine daonna ag dul trí athruithe nach bhfuil siad réidh chucu – briseadh síos sna ceangail idir na glúnta, dúshlán á dtabhairt d'institiúidí, agus struchtúir nua eacnamaíochta ann nach féidir mórán ullmhúcháin a dhéanamh dóibh. I gcomhthéacs an athraithe ollmhóir sin, údar cúraim do shochaithe an duine ag gach leibhéal (an tAontas Eorpach san áireamh áit a bhfuil straitéisí don ilteangachas á gcur chun cinn go gníomhach) caomhnú agus cothú a dhéanamh ar éagsúlacht teangacha agus cultúr.

Is comhpháirtí iomlán sa chomhobair sin í an Ghaeilge, chomh maith lena ról sonrach i gcomhthéacs stair na hÉireann. Ceann de na hinfheistíochtaí is fearr a d'fhéadfaí a dhéanamh le ról cóir, uathrialach, sainiúil, buan a bhaint amach do shibhialtacht na hÉireann i saol a bhfuil an oiread domhain-athrú ag teacht air ná Éire a bheith againn amach anseo ina mbeadh an Ghaeilge beo bríomhar, á húsáid go forleathan agus omós di.



FURTHER INFORMATION:

FIONTAR
Dublin City University
Glasnevin, Dublin 9

Tel: +353 (0)1 700 5614
e-mail: fiontar@dcu.ie
web: www.dcu.ie/fiontar